

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

L 94



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 66

3 Aibreán 2023

Clár

II Gníomhartha neamhrechtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2023/720 ón gComhairle an 31 Márta 2023 lena leasaítear Rialacháin áirithe ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha chun forálacha maidir le díolúine dhaonnúil a chur isteach 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/721 ón gComhairle an 31 Márta 2023 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin 10
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/722 ón gComhairle an 31 Márta 2023 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2023/427 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchoibhsú staid na hÚcráine 19
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/723 ón gCoimisiún an 30 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle maidir le srianta sonracha áirithe ar chaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais leis an Iaráic 20
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/724 ón gCoimisiún an 31 Márta 2023 lena nglactar le hiarraidh ar stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua i ndáil leis na bearta frithdhumpála cinntitheacha arna bhforchur ar allmhairí earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird agus na cistine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 22
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/725 ón gCoimisiún an 31 Márta 2023 lena leasaítear Iarscríbhinní V, XIV agus XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an tSile, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe ar liostaí na dtríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith cloís agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim agus táirgí feola ó chrúbacha, ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas ⁽¹⁾.... 26

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

CINNÍ

- ★ Cinneadh (CBES) 2023/726 ón gComhairle an 31 Márta 2023 lena leasaítear cinntí áirithe ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha chun forálacha maidir le díolúine dhaonnúil a chur isteach..... 48
- ★ Cinneadh (CBES) 2023/727 ón gComhairle An 31 Márta 2023 lena leasaítear Cinneadh 2011/235/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin 56
- ★ Cinneadh (CBES) 2023/728 ón gComhairle an 31 Márta 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchoibhsú staid na hÚcráine 65
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/729 ón gCoimisiún an 30 Márta 2023 maidir le bunú na hailtireachta teicniúla, na sonraíochtaí teicniúla chun faisnéis a iontráil agus a stóráil agus na nósanna imeachta chun faisnéis atá sa chóras do Dhoiciméid Bhréige agus Doiciméid Bharántúla ar Líne de chuid an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a rialú agus a fhíorú (“EBCG FADO”) 66

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2023/720 ÓN gCOMHAIRLE

an 31 Márta 2023

lena leasaítear Rialacháin áirithe ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha chun forálacha maidir le díolúine dhaonnúil a chur isteach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is féidir leis an Aontas Eorpach bearta sriantacha a fhorchur, lena n-áirítear reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha, in aghaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí ainmnithe. Le Rialacháin ón gComhairle, tugtar éifeacht do na bearta sin.
- (2) An 9 Nollaig 2022, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (“CSNA”) Rún 2664 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (“UNSCR”) (2022). Le mír 1 den Rún sin, tugtar isteach díolúine ó na smachtbhannaí i bhfoirm reo sócmhainní arna fhorchur ag an gComhairle Slándála nó ag a Coistí Smachtbhannaí le haghaidh cúnaimh dhaonnúil agus gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine, díolúine is infheidhme maidir le gníomhaithe áirithe. Chun críocha an Rialacháin seo, tugtar an “díolúine dhaonnúil” ar mhír 1 de UNSCR 2664 (2022).
- (3) An 31 Márta 2023, glacadh Cinneadh (CBES) 2023/726 ón gComhairle ⁽¹⁾ chun éifeacht a thabhairt do UNSCR 2664 (2022) i ndlí an Aontais.
- (4) Cuirtear i dtábhacht le UNSCR 2664 (2022), i gcás ina bhfuil an díolúine dhaonnúil ag teacht salach ar rúin a bhí ann roimhe sin, go ndéanfaidh an díolúine dhaonnúil na rúin a bhí ann roimhe sin a fhorsuíomh mhéid a bhaineann leis an gcoibhleacht sin. Mar sin féin, soiléirítear le Rún 2664 (2022) go bhfuil mír 1 de UNSCR 2615 (2021) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe fós i bhfeidhm.
- (5) Iarrtar le UNSCR 2664 (2022) go ndéanfaidh soláthraithe a bhíonn ag brath ar an díolúine dhaonnúil iarrachtaí réasúnta chun fabhrú aon sochar a thoirmistear le smachtbhannaí a íoslaghú, bíodh sé sin mar thoradh ar sholáthar nó atreorú díreach nó indíreach, chuig daoine aonair nó eintitis a liostaítear faoin Rialachán ábhartha, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí straitéisí agus próisis bainistithe riosca agus díchill chuí na soláthraithe a neartú.
- (6) Ceanglaítear le UNSCR 2664 (2022) go mbeidh feidhm ag an díolúine dhaonnúil ó na bearta reoite sócmhainní maidir le córas smachtbhannaí 1267/1989/2253 ISIL (Da’esh) agus Al-Qaida ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta glactha UNSCR 2664 (2022), agus luaitear ann go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe cinneadh a dhéanamh maidir le síneadh a chur le cur i bhfeidhm UNSCR 2664 (2022) roimh an dáta a rachadh cur i bhfeidhm na díolúine sin in éag murach sin.

⁽¹⁾ Féach leathanach 48 den Iris Oifigiúil.

- (7) Measann an Chomhairle gur cheart feidhm a bheith ag an díolúine dhaonnúil ó na bearta reoite sócmhainní de bhun UNSCR 2664 (2022), freisin i gcásanna ina gcinneann an tAontas bearta comhlántacha a ghlacadh maidir le cistí agus acmhainní eacnamaíocha a reo sa bhreis ar na bearta sin arna gcinneadh ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nó a Choistí Smachtbhannaí.
- (8) Tagann na leasuithe faoi raon feidhme an Chonartha agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun iad a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.
- (9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ⁽²⁾, (CE) Uimh. 1183/2005 ⁽³⁾, (AE) Uimh. 267/2012 ⁽⁴⁾, (AE) Uimh. 747/2014 ⁽⁵⁾, (AE) 2015/735 ⁽⁶⁾, (AE) Uimh. 2016/1686 ⁽⁷⁾, (AE) Uimh. 2016/44 ⁽⁸⁾, (AE) Uimh. 2017/1509 ón gComhairle ⁽⁹⁾ agus Uimh. 2017/1770 ⁽¹⁰⁾, agus a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/1509 mar a leanas:

(1) in Airteagal 34, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“10. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 3 maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, ar cistí nó acmhainní eacnamaíocha a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na gníomhaithe seo a leanas a thabharfaidh an chabhair agus a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, mar aon lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltá na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hilitaobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achainíochta nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla (OCHA);
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) fad agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó,
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní XIII, XVI agus XVII, agus ag an gComhairle a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn XV.”;

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida (IO L 139, 29.5.2002, lch. 9).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle an 18 Iúil 2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 193, 23.7.2005, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle an 23 Márta 2012 a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh na hIaráine agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 961/2010 (IO L 88, 24.3.2012, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 747/2014 an 10 Iúil 2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staidse sa tSúdáin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 131/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 1184/2005 (IO L 203, 11.7.2014, lch. 1).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2015/735 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i dtaca leis an staidse sa tSúdáin Theas, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 748/2014 (IO L 117, 8.5.2015, lch. 13).

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2016/1686 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2016 lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise atá dírithe in aghaidh ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda, agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo (OJ L 255, 21.9.2016, lch. 1).

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle an 18 Eanáir 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staidse sa Libia agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 204/2011 (IO L 12, 19.1.2016, lch. 1).

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle an 30 Lúnasa 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóire agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 329/2007 (IO L 224, 31.8.2017, lch. 1).

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) 2017/1770 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2017 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staidse i Mailí (IO L 251, 29.9.2017, lch. 1).

(2) in Airteagal 45, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Gan dochar d’Airteagal 34(10), féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt d’aon ghníomhaíocht a thoirmisctear ar shlí eile le Rún 1718 (2006), 1874 (2009), 2087 (2013), 2094 (2013), 2270 (2016), 2321 (2016), 2356 (2017), 2371 (2017), 2375 (2017) nó 2397 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe má chinneann an Coiste Smachtbhannaí, ar bhonn cás ar chás, go bhfuil gá leo chun obair eagraíochtaí idirnáisiúnta agus neamhrialtasacha a dhéanann gníomhaíochtaí cúnamh agus fóirithinte in DPDC a éascú chun tairbhe an phobail shibhialtaigh in DPDC nó chun aon chríche eile atá comhsheasmhach le cuspóirí na Rún sin.”;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 37:

“Airteagal 37

Gan dochar d’Airteagal 34(10), ní bheidh feidhm ag na toirmisc in Airteagal 34(1) agus (3) maidir le cistí agus acmhainní eacnamaíocha ar le ‘Foreign Trade Bank’ nó le ‘Korean National Insurance Company (KNIC)’ iad nó cistí agus acmhainní eacnamaíocha a chuirtear ar fáil dóibh a mhéid atá na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha sin ceaptha go heisiach chun críocha oifigiúla an mhisin taidhleoireachta nó chonsalaigh in DPDC, nó le haghaidh gníomhaíochtaí cabhrach daonnúla a dhéanann na Náisiún Aontaithe, nó a dhéantar i gcomhar leis na Náisiún Aontaithe.”.

Airteagal 2

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, ar cistí nó acmhainní eacnamaíocha iad is gá chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó chun tacú le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na gníomhaithe seo a leanas a thabharfaidh an chabhair nó a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, mar aon lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltá na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hilitaobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achainíocha nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla (OCHA);
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) fad agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó,
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí a mhéid a bhaineann le hlarscríbhinn I, agus ag an gComhairle a mhéid a bhaineann le hlarscríbhinn Ia.”

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4b:

“Airteagal 4b

1. Gan dochar d’Airteagal 2(3), de mhaolú ar Airteagal 2(1) agus (2), féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite ar le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn Ia iad a scaoileadh, nó cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin a sholáthar chun críoch daonnúil, mar shampla, cúnamh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis agus bia, nó oibríthe daonnúla agus cúnamh gaolmhar a aistriú nó le haghaidh aslonnuithe as PDC.

2. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi údaruithe a thugtar faoin Airteagal seo laistigh de 4 seachtaine ón údarú.”;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7b:

“Airteagal 7b

Cuirfead toirmeasc ar pháirt a ghlacadh, go feasach agus d’aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 1a, Airteagal 2(1) agus Airteagal 2(2).”.

Airteagal 3

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 mar a leanas:

(1) In Airteagal 23, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“7. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 3 maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, ar cistí nó acmhainní eacnamaíocha iad is gá chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó chun tacú le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na gníomhaithe seo a leanas a thabharfaidh an chabhair nó a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, mar aon lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achainíocha nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla (OCHA);
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) fad agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó,
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn VIII, agus ag an gComhairle a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn IX.”

(2) in Airteagal 23a, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“7. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 3 maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, ar cistí nó acmhainní eacnamaíocha iad is gá chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó chun tacú le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na gníomhaithe seo a leanas a thugann an chabhair nó a dhéanann na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, mar aon lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achainíocha nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla (OCHA);
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) fad agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó,
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn XIII, agus ag an gComhairle a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn XIV.”

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 41:

“Airteagal 41

Cuirfead toirmeasc ar pháirt a ghlacadh, go feasach agus d’aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na bearta dá dtagraítear in Airteagail 2a, 2b, 2c, 2d, 3a, 3b, 3c, 3d, 4a, 4b, 5, 10d agus 15a, Airteagal 23(1), Airteagal 23(2), Airteagal 23(3), Airteagal 23(4), Airteagal 23a(1), Airteagal 23a(2), Airteagal 23a(3) agus Airteagal 23a(4).”.

Airteagal 4

In Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/1686, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, ar cistí nó acmhainní eacnamaíocha iad is gá chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó chun tacú le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na gníomhaithe seo a leanas a thabharfaidh an chabhair nó a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, mar aon lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achainíochta nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla (OCHA);
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) fad agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó,
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gComhairle a mhéid a bhaineann le Iarscríbhinn I”.

Airteagal 5

In Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 881/2002, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“5. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 2(1) agus (2) maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, ar cistí nó acmhainní eacnamaíocha iad is gá chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó chun tacú le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na gníomhaithe seo a leanas a thabharfaidh an chabhair nó a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, mar aon lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achainíochta nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla (OCHA);
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) fad agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó,
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí a mhéid a bhaineann le Iarscríbhinn I agus Ia.”.

Airteagal 6

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2016/44 mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“5. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, ar cistí nó acmhainní eacnamaíocha iad is gá chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó chun tacú le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na gníomhaithe seo a leanas a thabharfaidh an chabhair nó a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, mar aon lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;

- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hilitaobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achainíocha nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla (OCHA);
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) fad agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó,
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní II agus VI, agus ag an gComhairle a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn III.”;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

“Airteagal 10

Gan dochar d’Airteagal 5(5), de mhaolú ar Airteagal 5(1) agus (2), féadfaidh údarás inniúla na mBallstát, mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV, údarú a thabhairt cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite ar le daoine, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn III iad a scaoileadh, nó cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil do dhaoine, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn III, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, i gcás ina measann siad gur gá sin chun críoch daonnúil, mar shampla cabhair dhaonnúil a sheachadadh agus an seachadadh sin a éascú, ábhair agus soláthairt is gá le haghaidh riachtanais bhunúsacha sibhialtacha a sheachadadh, lena n-áirítear bia agus ábhair thalmhaíochta lena tháirgeadh, táirgí leighis agus leictreachas a sholáthar, nó le haghaidh aslonnuithe as an Libia. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi údaruithe a thugtar faoin Airteagal seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.”;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11, mír 1:

“1. Gan dochar d’Airteagal 5(5), féadfaidh údarás inniúla na mBallstát, mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn IV, údarú a thabhairt cistí reoite nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh, ar an gcoinníoll:

- (a) go n-úsáidtear na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha chun críche amháin nó níos mó de na críocha seo a leanas:
 - (i) riachtanais dhaonnúla;
 - (ii) breosla, leictreachas agus uisce le haghaidh úsáidí sibhialtacha amháin;
 - (iii) táirgeadh agus díol hidreacarbón sa Libia a atosú;
 - (iv) institiúidí um rialtas sibhialtach nó institiúidí um bonneagar poiblí sibhialtach a bhunú, a oibriú nó a neartú; nó,
 - (v) atosú oibríochtaí na hearnála baincúireachta a éascú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh chun tacú le trádáil idirnáisiúnta leis an Libia nó chun í a éascú;
- (b) gur thug an Ballstát lena mbaineann fógra don Choiste Smachtbhannaí go bhfuil sé beartaithe aige rochtain ar chistí nó ar acmhainní eacnamaíocha a údarú, agus nach ndearna an Coiste Smachtbhannaí agóid laistigh de 5 lá oibre tar éis fógra den sórt sin a fháil;
- (c) gur thug an Ballstát lena mbaineann fógra don Choiste Smachtbhannaí lena chur in iúl nach gcuirfeadh na cistí ná na hacmhainní eacnamaíocha sin ar fáil d’aon duine, eintiteas ná comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn II nó III ná chun tairbhe aon duine, eintitis nó comhlachta den sórt sin;
- (d) go ndeachaigh an Ballstát lena mbaineann i gcomhairle roimh ré le húdarás na Libia maidir le húsáid na gcistí nó na n-acmhainní eacnamaíocha sin; agus
- (e) go ndearna an Ballstát lena mbaineann na fógraí a cuireadh isteach de bhun phointí (b) agus (c) den mhír seo a roinnt le húdarás na Libia agus ní dhearna údarás na Libia agóid laistigh de 5 lá oibre in aghaidh scaoileadh na gcistí nó na n-acmhainní eacnamaíocha sin.”.

Airteagal 7

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2017/1770 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, ar cistí nó acmhainní eacnamaíocha iad is gá chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó chun tacú le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na gníomhaithe seo a leanas a thabharfaidh an chabhair nó a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, mar aon lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiúin Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiúin Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achainíocha nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiúin Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiúin Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla (OCHA);
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) fad agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó,
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí a mhéid a bhaineann le hlarscríbhinn I, agus ag an gComhairle a mhéid a bhaineann le hlarscríbhinn Ia.”;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3a, mír 1:

“1. Gan dochar d’Airteagal 2, mír 3, de mhaolú ar Airteagal 2(1) agus (2) agus, maidir le duine, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt cistí reoite nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá na cistí nó acmhainní eacnamaíocha sin a sholáthar chun críoch daonnúil, amhail cúnamh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibríthe daonnúla agus cúnamh gaolmhar a aistriú nó le haghaidh aslonnuithe as Mailí.”;

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

“Airteagal 8

Cuirfead toirmeasc ar pháirt a ghlacadh, go feasach agus d’aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2(1) agus Airteagal (2).”.

Airteagal 8

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2015/735 mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 3 maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, ar cistí nó acmhainní eacnamaíocha iad is gá chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó chun tacú le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na gníomhaithe seo a leanas a thabharfaidh an chabhair nó a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, mar aon lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiúin Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiúin Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achainíocha nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiúin Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiúin Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla (OCHA);

- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) fad agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó,
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn I, agus ag an gComhairle a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn II.”;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

“Airteagal 15

Cuirfead toirmeasc ar pháirt a ghlacadh, go feasach agus d’aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2, Airteagal 5(1), (2) agus (3).”.

Airteagal 9

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 747/2014 mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 3 maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, ar cistí nó acmhainní eacnamaíocha iad is gá chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó chun tacú le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na gníomhaithe seo a leanas a thabharfaidh an chabhair nó a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, mar aon lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiúin Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hilitaobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiúin Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achainíochta nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiúin Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiúin Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla (OCHA);
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) fad agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó,
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn I.”;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

“Airteagal 10

Cuirfead toirmeasc ar pháirt a ghlacadh, go feasach agus d’aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2, Airteagal 5(1), (2) agus (3).”.

Airteagal 10

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruséil, an 31 Márta 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/721 ÓN gCOMHAIRLE
an 31 Márta 2023

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle an 12 Aibreán 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 12 Aibreán 2011, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 359/2011.
- (2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle⁽²⁾, chinn an Chomhairle gur cheart na bearta sriantacha a leagtar amach ann a athnuachan go dtí an 13 Aibreán 2024.
- (3) Ba cheart an iontráil a bhaineann le duine amháin a ainmnítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 a bhaint den Iarscríbhinn sin. Chinn an Chomhairle freisin gur cheart na hiontrálacha a bhaineann le 18 nduine agus le trí eintiteas in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 a nuashonrú.
- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruséil, an 31 Márta 2023.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. ROSWALL

⁽¹⁾ IO L 100, 14.4.2011, lch. 1

⁽²⁾ Cinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle an 12 Aibreán 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin (IO L 100, 14.4.2011, lch. 51).

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 (“Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1)”) mar a leanas:

- (1) scriostar iontráil 82 (maidir le SARAFRAZ Mohammad (Dr.)) sa liosta dar ceannteideal “Daoine”;
- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann leis na 18 nduine seo a leanas:

Daoine

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
“17.	SOLTANI Hodjatoleslam Seyed Mohammad	Inscne: fireann	Ó 2018 i leith, tá Hodjatoleslam Seyed Mohammad Soltani ina leas-ionchúisitheoir sa Revolutionary Prosecution Office, Mashhad. Ceannaire ar an Organisation for Islamic Propaganda i gcúige Khorasan-Razavi. Iarbhreitheamh, Mashhad Revolutionary Court (2013-2019). Rinneadh trialacha faoina dhlínse go hachomair agus i seisiún dúnta, gan cloí le cearta bunúsacha an chúisí. Ós rud é gur eisíodh rialuithe básuithe <i>en masse</i> , eisíodh pionóis an bháis gan nósanna imeachta maidir le héisteacht chóir a chomhlíonadh go cuí. Tá sé freagrach as pianbhreitheanna troma príosúnachta a ghearradh ar shaoránaigh mhionlach Baha’is, mar gheall ar a gcreideamh reiligiúnach, trí thrialacha éagóracha a bhfuil easpa próis chúí ag baint leo, agus as nósanna imeachta seachbhreithiúnacha a úsáid.	12.4.2011
19.	JAFARI-DOLATABADI Abbas	Áit bhreithe: Yazd (an Iaráin) Dáta breithe: 1953 Inscne: fireann	Iarchomhairleoir do Chúirt Uachtarach Araíonachta na mbreithiúna (an 29 Aibreán 2019-2020 ar a laghad). Iar-Ionchúisitheoir Ginearálta Tehran (mí Lúnasa 2009-mí Aibreáin 2019). Chúisigh oifig Abbas Jafari-Dolatabadi líon mór agóideoirí, lena n-áirítear daoine a ghlac páirt in agóidí Lá Ashura i mí na Nollag 2009. D’ordaigh sé go ndúnfaí oifig Karroubi i mí Mheán Fómhair 2009 agus go ngabhaí roinnt polaiteoirí leasaitheacha, agus chuir sé cosc ar dhá pháirtí pholaitiúla leasaitheacha i mí an Mheithimh 2010. Rinne a oifig agóideoirí a chúiseamh i leith ‘Muharebeh’, nó ‘naimhdeas i gcoinne Dé’, lena ngabhann pionós an bháis, agus dhiúltaigh sé próis chúí dóibh siúd a raibh an pionós sin á bhagairt orthu. Chomh maith leis sin, dhírigh a oifig ar leasaitheoirí, ar ghníomhaithe ar son chearta an duine agus ar bhaill na meán, agus ghabh a oifig daoine den sórt sin, mar chuid de chniogbheartaíocht leathan ar an bhfreasúra polaitiúil. I mí Dheireadh Fómhair 2018, d’fhógair sé do na meáin go ndéanfaí ceathrar gníomhaithe ar son an chomhshaoil ón Iaráin a coinníodh a chúiseamh i leith ‘an t-éilliú a chur chun cinn ar domhan’, ar chúiseamh é lena ghabhann pionós an bháis.	12.4.2011

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
21.	MOHSENI-EJEI Gholam-Hossein	Áit bhreithe: Ejyeh (an Iaráin) Dáta breithe: circa 1956 Inscne: fireann	An Príomh-Bhreitheamh ó mhí Iúil 2021 i leith. Comhalta den Expediency Council. Ionchúisitheoir Ginearálta na hIaráine ó Mheán Fómhair 2009 go dtí 2014. IarLeas-Cheann na mBreithiúna (2014 go dtí mí Iúil 2021) agus urlabhraí thar ceann na mBreithiúna (2010-2019). An tAire Faisnéise ó 2005 go dtí 2009. Fad a bhí sé ina Aire Faisnéise le linn na dtoghchán in 2009, bhí gníomhairí faisnéise faoina cheannas freagrach as an gcoinneáil agus céasadh agus na hadmhálacha bréagacha faoi bhrú a fháil ó na céadta gníomhaí, iriseoir, easaontóirí agus polaiteoirí leasaitheacha. Ina theannta sin, cuireadh iallach ar phearsana polaitiúla admhálacha bréagacha a dhéanamh faoi cheistiúcháin dhofhulaingthe lena áiríodh céasadh, mí-úsáid, dúmhál agus bagairt a chur ar a muintir. Le linn agóidí 2022/2023, mhaíomh Gholam-Hossein Mohseni-Ejei go gcaithfí go neamhthrécaireach le hagóideoirí.	12.4.2011
25.	SALAVATI Abdolghassem	Inscne: fireann	Breitheamh den Special Court for Financial Crimes, brainse 4 ó 2019 i leith. Breitheamh, Ceann Tehran Revolutionary Court, brainse 15. Breitheamh Cimithe in Tehran Tribunal. Bhí sé i gceannas ar na cásanna iarthoghcháin, agus ba é an Breitheamh a bhí i gceannas ar na 'seóthrialacha' le linn an tsamhraidh in 2009, ghearr sé pionós an bháis ar bheirt mhonarcaithe a bhí i láthair sna seóthrialacha. Tá níos mó ná céad príosúnach polaitiúil, gníomhaí chearta an duine agus léiritheoir curtha faoi théarmaí fada príosúnachta aige. In 2018, léirigh tuarascálacha gur lean sé air ag gearradh téarmaí príosúnachta comhchosúla gan nósanna imeachta maidir le héisteacht chóir a chomhlíonadh go cuí. Le linn agóidí 2022, dhaor Abdolghassem Salavati go leor agóideoirí chun báis, lena n-áirítear Mohammad Beroghani agus Saman Seydi.	12.4.2011
43.	JAVANI Yadollah	Inscne: fireann Náisiúntacht: Iaránach Grád: Briogáidireghinearál	Leas-Cheannasaí IRGC do ghnóthaí polaitiúla. Tá go leor iarrachtaí déanta aige deireadh a chur le saoirse cainte agus dioscúrsa trína ráitis phoiblí lena dtacaítear le hagóideoirí agus easaontóirí a ghabháil agus a phionósú. Duine de na chéad oifigigh ardchéime a d'éiligh Moussavi, Karroubi agus Khatami a ghabháil in 2009. Thacaigh sé le húsáid a bhaint as teicnící a sháraíonn an ceart chun triail a fháil, lena n-áirítear admhálacha poiblí agus scaoil sé ábhar ceistiúcháin roimh an triail. Léiríonn an fhianaise freisin gur ghlac sé le foréigean a úsáid in aghaidh agóideoirí agus mar bhall lárnach den IRGC is rídhócha go raibh sé ar an eolas faoi theicnící diancheistiúcháin a úsáideadh chun brú a chur ar dhaoine coireanna a admháil.	10.10.2011

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
57.	HAJMOHAM-MADI Aziz (dá ngairtear freisin Aziz Hajmohammadi, Noorollah Azizmohammadi)	Áit bhreithe: Tehran (an Iaráin) Dáta breithe: 1948 Inscne: fireann	Breitheamh i mbrainse 71 sa Chúirt Choiriúil i gCúige Tehran. Ag obair dó thar ceann na mbreithiúna ó 1971 i leith, bhí sé páirteach i roinnt trialacha d'agóideoirí, <i>inter alia</i> , mar shampla Abdol-Reza Ghanbari, múinteoir a gabhadh i mí Eanáir 2010 agus a daoradh chun báis mar gheall ar a chuid gníomhaíochtaí polaitiúla.	10.10.2011
58.	BAGHERI Mohammad-Bagher	Inscne: fireann	In 2019, ceapadh Mohammad-Bagher Bagheri mar Leas-Cheann na mBreithiúna do Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus mar Rúnaí Foirne um Chearta an Duine in ionad Mohammad Javad Larijani sa phost sin le foraithe ó Ebrahim Raisi. Bhí sé ina bhreitheamh sa Chúirt Uachtarach idir mí na Nollag 2015 agus 2019. Iar-leaschathaoirleach ar riarachán breithiúnach chúige South Khorasan, agus é i gceannas ar chosc na coireachta. Chomh maith le 140 bású as cionta caipitil a admháil i mí an Mheithimh 2011, a tharla idir Márta 2010 agus Márta 2011, tuairiscítear gur tharla thart ar 100 bású eile le linn na tréimhse céanna agus sa chúige chéanna, mar atá cúige South Khorasan, gan fógra a thabhairt do na teaghlaigh ná do na dlíodóirí. Bhí sé, dá bhrí sin, comhpháirteach i sárú tromchúiseach ar an gceart chun próise cuí, agus é ag cur le líon ard pionóis an bháis.	10.10.2011
60.	HOSSEINI Dr Seyyed Mohammad (dá ngairtear freisin HOSSEYNI Dr Seyyed Mohammad; Seyed, Sayyed agus Sayyid) دکتر سید محمد حسینی	Áit bhreithe: Rafsanjan, Kerman (an Iaráin) Dáta breithe: 23.7.1961 Inscne: fireann	Leas-Uachtarán gnóthaí parlaiminte faoin Uachtarán Raisi ó mhí Lúnasa 2021 i leith. Comhairleoir don IarUachtarán Mahmoud Ahmadinejad agus urlabhraí don fhaicsean docht polaitiúil YEKTA. An tAire Cultúir agus Treoraíochta Ioslamaí (2009-2013). IarLeas-Stiúrthóir ar an Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB). Iarchomhairleoir ag Stiúrthóir an Islamic Culture and Relations Organisation (ICRO). Iarchomhalta den IRGC, bhí sé comhpháirteach i gcur faoi chois iriseoirí.	10.10.2011
66.	MIRHEJAZI Ali Ashgar	Dáta breithe: An 8 Meán Fómhair 1946 Áit bhreithe: Isfahan Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Comhairleoir faisnéise don Cheannaire Uachtarach. Ar dhuine de chiorcal inmheánach an Cheannaire Uachtaraigh, ar dhuine de na daoine a bhí freagrach as cur faoi chois agóidí a phleanáil, rud atá á chur chun feidhme ó 2009 agus baint aige leo siúd atá freagrach as agóidí a chur faoi chois. Bhí sé freagrach freisin as cosc a chur le corraíl phoiblí i mí na Nollag 2017/2018 agus i mí na Samhna 2019.	23.3.2012

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
69.	MORTAZAVI Seyyed Solat	Áit bhreithe: Farsan, Tchar Mahal-o-Bakhtiari (Theas) – (an Iaráin) Dáta breithe: 1967 Inscne: fireann	Ón 19 Deireadh Fómhair 2022, ina Aire (gníomhach) Comharchumann, Saothair agus Leasa Shóisialaigh. Ó mhí Mheán Fómhair 2021 go dtí mí Dheireadh Fómhair 2022, an Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Feidhmiúcháin na hIaráine agus Cenn Oifig an Uachtaráin. Ón 16 Meán Fómhair 2019 go dtí mí Mheán Fómhair 2021, is é cenn bhraínse réadmhaoine an Mostazafan Foundation, a raibh á reáchtáil go díreach ag an Supreme Leader Khamenei. Stiúrthóir ar chraobh Tehran den Foundation Astan Qods Razavi, go dtí mí na Samhna 2019. Iarmhéara Mashhad, an dara cathair is mó san Iaráin, áit a dtarlaíonn básuithe poiblí go rialta. IarLeas-Aire Gnóthaí Baile le freagracht as gnóthaí polaitiúla, a ceapadh in 2009. Sa cháil sin, bhí sé freagrach as daoine a labhair amach mar chosaint ar a gcearta dlísteana, lena n-áirítear saoirse chun tuairimí a nochtadh, a chur faoi chois. Ina dhiaidh sin, ceapadh é ina Cheann ar an Iranian Election Committee do thoghcháin pharlaiminteacha in 2012 agus do na toghcháin uachtaránachta in 2013.	23.3.2012
77.	JAFARI Reza	Dáta breithe: 1967 Inscne: fireann	Iarchomhairleoir ag an Disciplinary Court for Judges (2012-2022). Comhalta den 'Committee for Determining Criminal Web Content', comhlacht atá freagrach as cinsireacht ar shuíomhanna gréasáin agus ar na meáin shóisialta. Iar-Cheann ionchúisimh speisialta na cibearchoireachta idir 2007 agus 2012. Bhí sé freagrach as saoirse tuairimí a chur faoi chois, lena n-áirítear trí bhlagálaithe agus iriseoirí a ghabháil, a choinneáil agus a ionchúiseamh. Tugadh drochíde do dhaoine ar amhras cibearchoireachta agus bhí siad faoi réir próiseas breithiúnach éagórach.	23.3.2012
81.	Moussavi Seyed Mohammad Bagher (dá ngairtear freisin MOUSAVI Ayed Mohammed Baqir) محمدباقر موسوی	Inscne: fireann	Ghearr Breitheamh ó Chúirt Réabhlóideach Ahwaz, Brainse 2 (2011-2015), pionóis an bháis ar roinnt daoine, lena n-áirítear cúigear Arabach Ahwazi, Mohammad Ali Amouri, Hashem Sha'bani Amouri, Hadi Rashedi, Sayed Jaber Alboshoka, Sayed Mokhtar Alboshoka an 17 Márta 2012 as 'gníomhaíochtaí i gcoinne na slándála náisiúnta' agus 'naimhdeas i gcoinne Dé'. Sheas Cúirt Uachtarach na hIaráine leis na pianbhreitheanna sin an 9 Eanáir 2013. Gabhadh an cúigear gan chúiseamh agus bhí siad faoi choinneáil ar feadh bliana, rinneadh céasadh orthu agus gearradh pionós orthu gan próis chúí. Cuireadh Hadi Rashedi agus Hashem Sha'bani Amouri chun báis in 2014.	12.3.2013

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
83.	JAFARI Asadollah	Inscne: fireann	<p>Ard-Aighne Isfahan faoi láthair. Sa phost sin, d'ordaigh sé frithghníomhartha foréigneacha i gcoinne agóideoirí a thug faoi na sráideanna i mí na Samhna 2021 chun agóid a dhéanamh in aghaidh ganntanais uisce. De réir roinnt tuarascálacha, d'fhógair Asadollah Jafari go rabhthas chun oifig speisialta a chur ar bun chun imscrúdú a dhéanamh ar na hagóideoirí a gabhadh.</p> <p>Ó 2017 go 2021, bhí sé ina Ard-Aighne i gCúige North Khorasan.</p> <p>Ina cháil mar Iar-Ionchúisitheoir Mazandaran Province (2006-2017), mhol Jafari go ngearrfaí pionós an bháis i gcásanna a thug sé os comhair na cúirte, ar tháinig básuithe iomadúla dá thoradh lena n-áirítear básuithe poiblí ina sáraítear, trí phionós an bháis a ghearradh, cearta idirnáisiúnta an duine, lena n-áirítear trí phionós díreireach iomarcach. Tá Jafari freagrach as gabháil mhídhleathach agus sárúithe ar chearta na gcimí Baha'i ó ghabhtar iad an chéad uair go dtí go gcoinnítear ina n-aonar iad san Intelligence Detention Centre.</p>	12.3.2013
84.	EMADI Hamid Reza (dá ngairtear freisin Hamidreza Emadi)	<p>Áit bhreithe: Hamedan (an Iaráin)</p> <p>Dáta breithe: circa 1973</p> <p>Áit chónaithe: Tehran</p> <p>Áit oibre: Ceanncheathrú Press TV, Tehran</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Iar-Stiúrthóir an tSeomra Nuachta le Press TV. Iar-Léiritheoir sinsearach le Press TV.</p> <p>Freagrach as admhálacha éigeantacha ó chimí a léiriú agus a chraoladh, lena n-áirítear iriseoirí, gníomhaithe polaitiúla agus daoine ar de ghrúpaí mionlaigh Choirdíneacha agus Arabacha iad, lena sáraítear cearta a aithnítear go hidirnáisiúnta maidir le triail chóir agus próis chúí a fháil. Ghearr an rialtóir craolacháin neamhspleách OFCOM fíneáil GBP 100 000 ar Press TV sa Ríocht Aontaithe as admháil éigeantach ón iriseoir agus scannánóir Iaránach-Cheanadach Maziar Bahari a chraoladh in 2011, a scannánaíodh sa phríosún agus Bahari faoi éigeantas. Tá sé tuairiscithe ag ENRanna gur tharla cásanna eile d'admhálacha éigeantacha a chraol Press TV. Tá baint ag Emadi, dá bhrí sin, le sárú a dhéanamh ar an gceart chun próise cúí agus triail chóir a fháil.</p> <p>In 2016, bhí sé faoi réir nósanna imeachta araíonachta as ciapadh gnéasach ar a chomhghleacaí Sheena Shirani, rud a d'fhág gur cuireadh ar fionraí ón tseirbhís é.</p>	12.3.2013

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
92.	ASHTARI Hossein	<p>Áit bhreithe: Isfahan (dá ngairtear freisin Esfahan, Ispahan)</p> <p>Náisiúntacht: Iaránach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Post: Ardcheannasaí ar an Iranian police force</p>	<p>Bhí Hossein Ashtari ina Ardcheannasaí ar fhórsa póilíneachta na hIaráine ó mhí an Mhárta 2015 go dtí mí Eanáir 2023 agus is comhalta den Chomhairle Slándála Náisiúnta é. Áirítear ar an bhfórsa póilíneachta Aonaid Emdad agus na hAonaid Speisialta. D'úsáid gnáthfhórsa póilíneachta na hIaráine, Aonaid Emdad agus na hAonaid Speisialta fórsa marfach chun agóidí mhí na Samhna 2019 san Iaráin a chur faoi chois, rud a d'fhág gur maraíodh agus gur gortaíodh lucht agóide neamh-armtha agus sibhialtaigh eile i gcuid mhór cathracha ar fud na tíre. Agus é ina chomhalta den Chomhairle Slándála Náisiúnta, ghlac Ashtari páirt sna seisiúin a raibh orduithe mar thoradh orthu fórsa marfach a úsáid chun agóidí mhí na Samhna 2019 a chur faoi chois. Tá Ashtari freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.</p>	12.4.2021
95.	VASEGHI Leyla (ar a dtugtar freisin VASEQI Layla, VASEGHI Leila, VASEGHI Layla)	<p>Áit bhreithe: Sari, Mazandaran Province (an Iaráin)</p> <p>Dáta breithe: 1352 (féilire Hijri na hIaráine), 1972 nó 1973 (féilire Ghréagóra)</p> <p>Inscne: baineann</p> <p>Post: Iarghobharnóir Shahr-e Qods agus Ceann an City Security Council</p>	<p>Mar ghobharnóir Shahr-e Qods agus Ceann an City Security Council ó mhí Mheán Fómhair 2019 go dtí mí na Samhna 2021, d'ordaigh Leyla Vaseghi do na póilíní agus d'fhórsaí armtha eile leas a bhaint as modhanna marfacha le linn agóidí i mí na Samhna 2019, rud a d'fhág gur maraíodh agus gur gortaíodh lucht agóide neamh-armtha agus sibhialtaigh eile. Mar ghobharnóir Shahr-e Qods agus Ceann an City Security Council, tá Vaseghi freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. I gcomhthéacs agóidí 2022/2023, cuimhníonn muintir na hIaráine uirthi fós mar dhuine a raibh ceann de na príomhróil aici i gcur faoi chois foréigneach, agus comparáid á déanamh idir a ndeir sí go poiblí agus an cur faoi chois atá ar bun faoi láthair.</p>	12.4.2021"
137.	REZVANI Ali (ar a dtugtar REZWANI Ali freisin) رضوانی علی	<p>Dáta breithe: 1984</p> <p>Náisiúntacht: Iaránach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Feidhm: Tuairisceoir agus príomhláithreoir/láithreoir nuachta de chuid Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB) maidir le cúrsaí polaitíochta agus slándála</p>	<p>Tá Ali Rezvani ina thuairisceoir don Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB) agus tá sé ina phríomhláithreoir/láithreoir nuachta ar an gclár nuachta 20.30 a bhíonn ar IRIB gach oíche.</p> <p>Is eagraíocht meáin státrialaithe de chuid na hIaráine é IRIB agus cuirtear de chúram air faisnéis an rialtais a scaipeadh. Is é clár nuachta 20.30 IRIB, a bhíonn ar siúl gach oíche ar Channel 2, príomhchlár nuachta na tíre, agus meastar gurb é príomhardán IRIB chun cláir oibre na bhfórsaí slándála a chur chun feidhme, lena n-áirítear an Ministry of Intelligence (MOIS) agus an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC). Léirítear i gcásanna a bhfuil taifead déanta orthu go gcráolann nuacht 20.30 admhálacha éigeantacha.</p> <p>Ina cháil mar thuarascóir IRIB, glacann Ali Rezvani páirt i gceistiúcháin as a dtagann admhálacha éigeantacha, agus dá dheasca sin, tá baint dhíreach aige i sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus sna sárúithe sin a éascú. Ina cháil mar phríomhláithreoir ar chlár nuachta 20.30, cuireann Rezvani chun cinn clár oibre fhórsaí slándála na hIaráine, clár a bhfuil glacadh aige le sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, amhail céasadh, gabhálacha treallacha agus coinneáil. Chomh maith leis sin, scaipeann sé bolscaireacht i gcoinne lucht cáinte d'fhonn imeagla a chur orthu sin agus údar a thabhairt ar a ndrochíde agus an drochíde sin a mholadh, rud a sháraíonn a gceart chun saoirse tuairimí a nochtadh.</p> <p>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.</p>	12.12.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
142.	BORMAHANI Mohsen (ar a dtugtar BARMAHANI Mohsen) محسن برمهانی	Dáta breithe: 24.5.1979 Áit bhreithe: Neishabur, Iran Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann Uimh. Pas: A54062245 (an Iaráin), a rachaidh in éag an 12 Iúil 2026 Uimh. Cárta Aitheantais Náisiúnta: 1063893488 (an Iaráin) Feidhm: Leas-Stiúrthóir ar an Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB)	Tá Mohsen Bormahani ina Leas-Stiúrthóir ar an Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB), a bhíonn ag bolscaireacht ar son an réimis atá i gcumhacht. Sa cháil atá aige, tá Bormahani freagrach as inneachar IRIB. Cuireann IRIB srian daingean le saorghluaiseacht faisnéise, agus séanann sé an tsaorghluaiseacht faisnéise sin ar mhuintir na hIaráine. Anuas air sin, tá IRIB páirteach go gníomhach in 'admhálacha' éigeantacha bhaintear as lucht cáinte an réimis a eagrú agus a chraoladh, agus iad bainte astu trí imeaglú agus foréigean fíorghéar. Is minic a chraoltar na 'hadmhálacha' seo tar éis agóidí poiblí, nó roimh bhású mar bhealach le frithfhreagairt an phobail a laghdú. Cé gur éirigh roinnt de phearsanra ardphróifíle craolacháin an stáit as a bpost le déanaí agus gur shéan siad freagairt fhoréigneach réimeas na hIaráine ar agóidí 2022 san Iaráin, leanann Bormahani dá chúram mar Leas-Stiúrthóir agus tá cosaint déanta aige ar an réimeas sna ráitis is déanaí uaidh. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.	12.12.2022

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrálacha le haghaidh na trí eintiteas seo a leanas:

Eintitis

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"2.	Príosún Evin	Seoladh: Tehran Province, Tehran, District 2, Dasht-e Behesht (an Iaráin)	Is ionad coinneála é Príosún Evin inar coinníodh príosúnaigh pholaitiúla agus inar tharla sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céasadh, le roinnt blianta anuas agus, go deimhin, le blianta fada anuas. I mí na Samhna 2019, coinníodh agóideoirí, agus go pointe áirithe tá siad á gcoinneáil fós, i bPríosún Evin mar phríosúnaigh pholaitiúla. Tá bunchearta nós imeachta á gceilt ar phríosúnaigh i bPríosún Evin, agus uaireanta coimeádtar iad i mbraighdeanas aonair nó i gcealla plódaithe ina bhfuil drochdhálaí sláinte. Tá tuairiscí mionsonraithe ann ar chéasadh, idir fhisiciúil agus shíceolaíoch. Séantar teagmháil lena muintir agus le dlíodóirí ar na cimi, chomh maith le cóireáil sláinte leordhóthanach. I gcomhthéacs agóidí 2022/2023, tá cásanna céastóireachta fós á dtuairisciú. Níor míníodh cúis an dóiteáin as ar eascair roinnt básanna agus gortuithe i mí Dheireadh Fómhair 2022 don phobal, agus diúltaíonn údarais an phríosúin d'aon fhiosrúcháin idirnáisiúnta. I gcomhthéacs an dóiteáin, ba léir freisin go n-úsáideann an príosún mianaigh chun éaluithe as an bpríosún a chosc, rud a cháintear go géar go hidirnáisiúnta. Coinníodh roinnt náisiúnach tríú stát go treallach i bPríosún Evin.	12.4.2021

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
3.	Príosún Fashafouyeh (dá ngairtear freisin Greater Tehran Central Penitentiary, Hasanabad-e Qom Prison, Greater Tehran Prison)	Seoladh: Tehran Province, Hasanabad, Bijin Industrial Zone, Tehran, Qom Old Road (an Iaráin) Teileafón: +98 21 5625 8050	<p>Is ionad coinneála é Príosún Fashafouyeh a roghnaíodh ar dtús chun ciontóirí coireanna drugaí a choinneáil, ach tá príosúnaigh pholaitiúla á gcoinneáil ann le déanaí chomh maith agus, i gcásanna áirithe, cuirtear iallach orthu cealla a roinnt le handúiligh drugaí. Tá na dálaí maireachtála agus sláinteachais fíordhona, gan riachtanais bhunúsacha, mar shampla, uisce óil glan a bheith ar fáil.</p> <p>Le linn agóidí mhí na Samhna 2019, coinníodh roinnt agóideoirí i bPríosún Fashafouyeh, mionaoisigh san áireamh. Tugtar le tuiscint i dtuarascálacha go ndearnadh céasadh agus cóireáil mhídhonna ar agóideoirí mhí na Samhna 2019 i bPríosún Fashafouyeh, mar shampla trína gcreachtú le huisce fiuchta d'aon ghnó agus trí chóireáil leighis a dhiúltú. De réir thuarascáil ó Amnesty International maidir le cniogbheartaíocht i gcoinne agóidí mhí na Samhna 2019, coinníodh leanaí chomh hóg le 15 bliana d'aois in éineacht le daoine fásta i bPríosún Fashafouyeh. Rinne cúirt in Tehran triúr agóideoirí ó mí na Samhna 2019 atá faoi choinneáil i bPríosún Fashafouyeh faoi láthair a dhaoradh chun báis.</p> <p>Ó thús agóidí 2022/2023, tuairiscíodh gur aistríodh 3 000 duine chuig príosún Fashafouyeh agus go bhfuil 835 duine fós ann. Tuairiscíodh roinnt cásanna de chéasadh agus d'admháilacha faoi éigeantas.</p>	12.4.2021
4.	Príosún Rajae Shahr (dá ngairtear freisin Príosún Rajai Shahr, Rajaishahr, Raja'i Shahr, Reja'i Shahr, Rajayi Shahr, Príosún Gorhardasht, Príosún Gohar Dasht)	Seoladh: Alborz Province, Karaj, Gohardasht, Moazzen Blvd (an Iaráin) Teileafón: +98 26 3448 9826	<p>Tá cáil ar Phríosún Rajae Shahr as fáil réidh le cearta an duine, lena n-áirítear céasadh tromchúiseach fisiceach agus síceolaíoch ar phríosúnaigh pholaitiúla agus ar phríosúnaigh choinsiasa chomh maith le hollbhású gan triail chóir, ó bhí an Réabhlóid Ioslamach ann in 1979.</p> <p>Tugadh drochíde thromchúiseach do na céadta cime, leanaí san áireamh, i bPríosún Rajae Shahr i ndiaidh agóidí mhí na Samhna 2019. Tá tuairiscí inchreidte ann faoi go leor cásanna céastóireachta agus cineálacha eile pionós cruálach, lena n-áirítear cásanna a bhaineann le mionaoisigh.</p> <p>Ó thús agóidí 2022/2023, cuireadh go leor daoine den fhreasúra i bpríosún go treallach ansin i ndálaí a ndearna roinnt iriseoirí príosúnaigh cur síos orthu a bheith contúirteach agus gur ar éigean a d'fhéadfaí cur suas leo mar dhálaí maireachtála.</p>	12.4.2021"

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/722 ÓN gCOMHAIRLE
an 31 Márta 2023

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2023/427 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/427 ón gComhairle an 25 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíobhsú staid na hÚcráine ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 1, pointe (20), de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 25 Feabhra 2023, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2023/427, lenar leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle ⁽²⁾ agus lenar tugadh isteach tuilleadh beart sriantach chun gníomhaíochtaí craoltóireachta san Aontas, nó atá dírithe ar an Aontas, a chur ar fionraí – gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí meán áirithe. Leagtar na heagraíochtaí sin amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/427. De bhun Airteagal 1, pointe (20), de Rialachán (AE) 2023/427, tá infheidhmeacht na mbeart sin i dtaca le ceann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí meán sin faoi réir glacadh gníomhartha cur chun feidhme ag an gComhairle.
- (2) Tar éis di na cásanna faoi seach a scrúdú, chinn an Chomhairle gur cheart feidhm a bheith ag na bearta sriantacha dá dtagraítear in Airteagal 2f de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón 10 Aibreán 2023 i leith na n-eintiteas a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/427,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2f de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón 10 Aibreán 2023 i leith na n-eintiteas a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/427.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Márta 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL

⁽¹⁾ IO L 59I, 25.2.2023, lch. 6.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1).

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/723 ÓN gCOIMISIÚN
an 30 Márta 2023

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle maidir le srianta sonracha áirithe ar chaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais leis an Iaráic

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle an 7 Iúil 2003 maidir le srianta sonracha áirithe ar an gcaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais leis an Iaráic agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2465/96 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 11(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 liostaítear daoine nádúrtha agus dlítheanacha, comhlachtaí nó eintitis a bhaineann le réimeas an iar-Uachtaráin Saddam Hussein a chumhdaítear le reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha agus le toirmeasc ar chistí nó ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil.
- (2) An 27 Márta 2023, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe duine nádúrtha amháin a bhaint den liosta daoine agus eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag an reo sócmhainní maidir leo.
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Márta 2023.

Thar ceann an Choimisiúin

Thar ceann an Uachtaráin

Ard-Stiúrthóir

An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht

Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margái
Caipitil

⁽¹⁾ IO L 169, 8.7.2003, lch. 6.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle, scriostar an iontráil seo a leanas:

“32. AINM: **Amir Hamudi Hassan Al-Sa'di**

DÁTA BREITHE/ÁIT BHREITHE: an 5 Aibreán 1938, Bagdad

NÁISIÚNTAUGHT: An Iaráic

BUNÚS RÚN 1483 Ó CHOMHAIRLE SLÁNDÁLA NA NÁISIÚN AONTAITHE:

Comhairleoir Eolaíochta an Uachtaráin;

Leas-Ionadaí Sinsearach, Eagraíocht an Tionsclaithe Mhíleata, 1988 go 1991;

Iar-Uachtarán, an Cór Teicniúil do Thionscadail Speisialta;

Pasanna: Uimh. 33301/862

Víosa eisithe: an 17 Deireadh Fómhair 1997

In éag: an 1 Deireadh Fómhair 2005

M0003264580

Víosa eisithe: Neamhaithnid

In éag: Neamhaithnid

H0100009

Víosa eisithe: Bealtaine 2001

In éag: Neamhaithnid”

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/724 ÓN gCOIMISIÚN
an 31 Márta 2023

lena nglactar le hiarraidh ar stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua i ndáil leis na bearta frithdhumpála cinntitheacha arna bhforchur ar allmhairí earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird agus na cistine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ⁽¹⁾ (“an bun-Rialachán”),

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird agus na cistine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagal 2 de,

De bharr an mhéid seo a leanas,

A. NA BEARTA ATÁ I bhFEIDHM

- (1) An 13 Bealtaine 2013, trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 412/2013 ón gComhairle (“an Rialachán bunaidh”) ⁽³⁾, d’fhorchuir an Chomhairle dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird agus na cistine a thagann isteach san Aontas de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (“an tairge lena mbaineann”).
- (2) An 12 Iúil 2019, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de (“an bun-Rialachán”), chuir an Coimisiún síneadh cúig bliana eile le bearta an Rialacháin bunaidh trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198.
- (3) An 28 Samhain 2019, tar éis imscrúdú frith-imchéimniúcháin de bhun Airteagal 13(3) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2131 ⁽⁴⁾.
- (4) Cuireadh sampláil i bhfeidhm san imscrúdú bunaidh chun tairgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne (“an tSín”) a imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.
- (5) Maidir leis na tairgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne, d’fhorchuir an Coimisiún dleachtrátaí frithdhumpála aonair idir 13,1 % agus 23,4 % ar allmhairí an tairge lena mbaineann. Forchuireadh dleachtráta 17,9 % ar na tairgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár áiríodh sa sampla. Na tairgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár áiríodh sa sampla, liostaítear iad in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198, arna ionadú ag Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2131. Thairis sin, forchuireadh dleachtráta 36,1 % ar bhonn náisiúnta ar an tairge lena mbaineann ó chuideachtaí sa tSín nár chuir iad féin in iúl ná nár chomhoibrigh leis an imscrúdú.
- (6) De bhun Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 ón gCoimisiún, is féidir Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú tríd an dleachtráta is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla a dheonú do thairgeoirí onnmhairiúcháin nua, is é sin an meánráta dleachta ualaithe 17,9 %, i gcás inar leor an fhianaise a thugann an tairgeoirí onnmhairiúcháin nua sin sa tSín don Choimisiún maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) nár onnmhairigh sé an tairge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar a mbunaítear na bearta, is é sin ón 1 Eanáir 2011 go dtí an 31 Nollaig 2011 (“an tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh”);

⁽¹⁾ IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

⁽²⁾ IO L 189, 15.7.2019, lch. 8.

⁽³⁾ IO L 131, 15.5.2013, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 321, 12.12.2019, lch. 139.

- (b) nach bhfuil gaol aige le haon cheann de na honnmhaireoirí ná de na táirgeoirí sa tSín atá faoi réir na mbeart frithdhumpála arna bhforchur leis an Rialachán bunaidh a chomhoibrigh nó a d'fhéadfadh comhoibriú leis an imscrúdú bunaidh; agus
- (c) go ndearna sé an táirge i gceist a onnmhairiú iarbhrí chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh nó go bhfuil oibleagáid chonarthaigh neamh-inchúlghairthe air cainníocht shuntasach a onnmhairiú chuig an Aontas.

B. IARRAIDH AR STÁDAS TÁIRGEORA ONNMHAIRIÚCHÁIN NUA

- (7) An 17 Nollaig 2021, chuir an chuideachta Fujian Dehua Longnan Ceramics Co., Ltd (“an t-iarratasóir”) iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin go ndeonaí stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua (“NEPT”) dó agus, dá bhrí sin, go mbeadh sé faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha sa tSín nár áiríodh sa sampla, is é sin 17,9 %. Mhaígh an t-iarratasóir gur chomhlíon sé na trí choinníoll a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 (“coinníollacha NEPT”).
- (8) Chun a chinneadh ar chomhlíon an t-iarratasóir na coinníollacha chun go ndeonaí NEPT dó, mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198, chuir an Coimisiún ceistneoir ar dtús chuig an iarratasóir inar iarradh fianaise a léiríonn gur chomhlíon sé coinníollacha NEPT.
- (9) Tar éis anailís a dhéanamh ar an bhfreagra ar an gceistneoir, d'iarr an Coimisiún tuilleadh faisnéise agus fianaise tacaíochta, rud a chuir an t-iarratasóir faoina bhráid.
- (10) D'fhéach an Coimisiún le gach faisnéis a mheas sé a raibh gá léi a dheimhniú lena chinneadh ar chomhlíon an t-iarratasóir coinníollacha NEPT. Chuige sin, rinne an Coimisiún anailís ar an bhfianaise a chuir an t-iarratasóir isteach agus cheadaigh sé bunachair sonraí éagsúla ar líne lena n-áirítear Orbis ⁽⁷⁾ agus Qichacha ⁽⁸⁾. I gcomhthráth, chuir an Coimisiún tionscal an Aontais ar an eolas faoin iarraidh ón iarratasóir agus d'iarr sé air barúlacha a thabhairt, i gcás inar ghá. Chuir tionscal an Aontais barúlacha isteach maidir le comhlíontacht an iarratasóra leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198.

C. ANAILÍS AR AN IARRAIDH

- (11) Maidir leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198, is é sin nár onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh, léirigh an t-iarratasóir nár onnmhairigh sé chuig an Aontas le linn na tréimhse sin. Bunaíodh Fujian Dehua Longnan Ceramics Co., Ltd in 1999 agus thosaigh sé ar tháirgí poircealláin nua-aimseartha a onnmhairiú in 2006, mar shampla, earraí ceirmeacha, ach níor onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann. Níor léirigh a mhórléabhar díolachán don tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh, a cinneadh go raibh sé i gcomhréir leis na ráitis airgeadais a cuireadh ar fáil, aon taifead ar idirbhearta onnmhairiúcháin an táirge lena mbaineann chuig an Aontas. Fíoraíodh na hidirbhearta onnmhairiúcháin uile a rinneadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh agus níor thángthas ar aon fhaisnéis a léirigh go bhféadfadh sé go raibh an táirge lena mbaineann á onnmhairiú chuig an Aontas. I measc na n-idirbheart sin, bhí ceann amháin maidir leis an táirge lena mbaineann, nach raibh ceaptha don Aontas áfach, agus rinneadh ceithre idirbheart leis an nGearmáin, leis an bhFrainc agus leis an bhFionlainn, ach níor bhain siad sin leis an táirge lena mbaineann. Mhaígh tionscal an Aontais, de réir a shuíomh gréasáin agus dháta an cheadúnais onnmhairiúcháin, go raibh baint ag an iarratasóir le gníomhaíochtaí onnmhairiúcháin earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird ó bunaíodh na cuideachta. Ina theannta sin, rinne an t-iarratasóir iarratas in 2006 a thrádmharc a chlárú, trádmharc ina bhfuil traslitríú an ainm Shínigh. Mar sin féin, níor chuir tionscal an Aontais aon fhianaise ar fáil a léirigh nach raibh an t-iarratasóir i gcomhréir leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(a) de Rialachán (AE) 2019/1198. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chomhlíon an t-iarratasóir an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198.

⁽⁷⁾ Is soláthraí domhanda sonraí faisnéise corparáidí é Orbis agus cumhdaíonn sé níos mó ná 220 milliún cuideachta ar fud an domhain. Soláthraíonn sé faisnéis chaighdeánaithe faoi chuideachtaí príobháideacha agus faoi struchtúir chorparáideacha go príomha.

⁽⁸⁾ Is bunachair sonraí príobháideach brabúsach atá faoi úinéireacht na Síne é Qichacha a sholáthraíonn sonraí gnó, faisnéis chreidmheasa, agus anailísíocht do thomhaltóirí nó do ghairmithe maidir le cuideachtaí príobháideacha agus cuideachtaí poiblí atá lonnaithe sa tSín.

- (12) Maidir leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(b) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 nach bhfuil an t-iarratasóir comhlachaithe le haon onnmhaireoir ná táirgeoir atá faoi réir na mbeart frithdhumpála arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 ar onnmhaireoir nó táirgeoir a chomhoibrigh nó a d'fhéadfadh comhoibriú san imscrúdú bunaidh, léirigh an t-iarratasóir nach raibh sé comhlachaithe le haon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha atá faoi réir na mbeart frithdhumpála. Tá beirt scairshealbhóirí ag an iarratasóir, a bhfuil 80 % agus 20 % acu faoi seach. De réir an bhunachair sonraí Qichacha, bhí scaireanna ag scairshealbhóirí an iarratasóra i roinnt cuideachtaí eile, cuideachtaí nach raibh gaol acu leis an táirge lena mbaineann agus bhí siad díchláraithe cheana féin. Níor dhíol Fujian Dehua Longdong Ceramics Co., Ltd, cuideachta ghaolmhar an iarratasóra a bunaíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh leis na scairshealbhóirí céanna, ach táirgí ar an margadh intíre. De réir ráitis CBL na cuideachta gaolmhaire a cuireadh ar fáil, ní dhearnadh aon díolachán onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, chomhlíon an t-iarratasóir an coinníoll sin.
- (13) Maidir leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(c) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198, gur onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge iarbhír chuig an Aontas tar éis na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh nó go bhfuil oibleagáid chonarthaigh neamh-inchúlghairthe air cainníocht shuntasach a onnmhairiú chuig an Aontas, shuigh an Coimisiún le linn an imscrúdaithe gur onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge lena mbaineann chuig an Aontas in 2020, is é sin tar éis na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh. Chuir an t-iarratasóir sonrasc isteach, mar aon le hordú ceannacháin, doiciméid imréitigh custaim, bille luchta agus admháil íocaíochta ar ordú a rinne cuideachta sa Spáinn in 2019. Ina theannta sin, de réir an mhórléabhair díolachán a réitíodh leis na ráitis airgeadais, in 2020 seoladh lastais eile an táirge lena mbaineann chuig an Aontas. Dá bhrí sin, chomhlíon an t-iarratasóir an coinníoll sin.
- (14) Dá réir sin, comhlíonann an t-iarratasóir gach ceann de na trí choinníoll chun go ndeonófar NEPT dó, mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 agus ba cheart, dá bhrí sin, glacadh leis an iarraidh. Dá réir sin, ba cheart an t-iarratasóir a bheith faoi réir dleacht frithdhumpála 17,9 % le haghaidh cuideachtaí comhoibríochá nár áiríodh sa sampla le linn an imscrúdaithe bunaidh.

D. NOCHTADH

- (15) Cuireadh an t-iarratasóir agus tionscal an Aontais ar an eolas faoi na fíorais agus na breithnithe riachtanacha ar ar a mbonn a measadh gurbh íomchuí an dleachtráta frithdhumpála is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríochá nár áiríodh i sampla an imscrúdaithe bunaidh a dheonú do Fujian Dehua Longnan Ceramics Co., Ltd.
- (16) Tugadh an deis do na páirtithe barúlacha a chur isteach agus thug tionscal an Aontais barúlacha.
- (17) Tar éis an nochta, mhaígh tionscal an Aontais gur chláraigh Fujian Dehua Longdong Ceramics Co., Ltd, cuideachta ghaolmhar an iarratasóra, ionadaí le haghaidh gníomhaíochtaí allmhairiúcháin-onnmhairiúcháin ag oifig custaim Quanzhou an 18 Samhain 2013. Dá bhrí sin, d'áitigh tionscal an Aontais gur bhain an chuideachta ghaolmhar díolacháin onnmhairiúcháin amach.
- (18) Thug an Coimisiún dá aire go dtagann dáta cláraithe ionadaí Fujian Dehua Longdong Ceramics Co., Ltd (18 Samhain 2013) tar éis na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh, tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2011. Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (12), ar bhonn na ráiteas CBL a cuireadh ar fáil don tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh, shuigh an Coimisiún nár onnmhairigh Fujian Dehua Longdong Ceramics Co., Ltd an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh. Níor tíolacadh aon fhianaise a tháinig salach ar an toradh sin ná níor aimsigh an Coimisiún aon fhianaise a tháinig salach air. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chomhlíon an t-iarratasóir an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(b) de Rialachán (AE) 2019/1198 agus díúltaíodh don mhaíomh.
- (19) Tá an Rialachán reatha i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an chuideachta seo a leanas le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 arna ionadú le hIarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2131 ina bhfuil liosta de na cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla:

Cuideachta	Cód breise TARIC
Fujian Dehua Longnan Ceramics Co., Ltd	899D

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Márta 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/725 ÓN gCOIMISIÚN
an 31 Márta 2023

lena leasaítear Iarscríbhinní V, XIV agus XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an tSile, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe ar liostaí na dtríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim agus táirgí feola ó chrúbacha, ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) agus (3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do choinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.
- (2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ⁽²⁾ leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.
- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ⁽³⁾ bunaítear na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna nó deighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus catagóirí ainmhithe, na táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 teacht isteach san Aontas.
- (4) Go háirithe, le hIarscríbhinn V, XIV, agus XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha nó de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim agus de tháirgí feola ó chrúbacha, éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.
- (5) Thug Ceanada fógra don Choimisiún faoi thrí ráig den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis i gcúigí Nova Scotia (1) agus Ontario (2), i gCeanada, ráigeanna a deimhníodh idir an 03 Márta 2023 agus an 14 Márta 2023 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (6) Thairis sin, thug an tSile fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis atá ann i Réigiún O'Higgins, an tSile, agus deimhníodh í an 12 Márta 2023 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

⁽¹⁾ IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

- (7) Thairis sin arís, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis i gcontae Cumbria i Sasana, an Ríocht Aontaithe, agus deimhníodh í an 10 Márta 2023 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (8) Ina theannta sin, tá fógra tugtha ag na Stáit Aontaithe don Choimisiún faoi 22 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit Florida (1), Pennsylvania (20) agus South Dakota (1), na Stáit Aontaithe, ráigeanna a deimhníodh idir an 03 Márta 2023 agus an 23 Márta 2023 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (9) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a bhí ann le déanaí, bhunaigh údarais tréidliachta Cheanada, na Sile, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe criosanna rialaithe de 10 km ar a laghad timpeall ar na bunáicthe atá buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreach an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.
- (10) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ceanada, ag an tSile, ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríoch agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh sin a chosc. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. Ar bhonn na meastóireachta sin, agus chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint, níor cheart údarú a thabhairt a thuilleadh do choinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis ná d'fheoil úr ó éanlaith chlóis ná d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas ó na ceantair atá faoi shrianta a leagann údarais tréidliachta Cheanada, na Sile, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe síos mar gheall ar na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann le déanaí.
- (11) Ina theannta sin, ba cheart cóireáil laghdaithe riosca D a cheangal, i gcomhréir le hIarscríbhinn XXVI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, chun coinsíneachtaí de tháirgí feola ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim ó chriosanna atá buailte sa tSile a shainmhíneáir faoi "CL-2" i gCuid 2 d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a theacht isteach san Aontas.
- (2) Á chur i bhfios di go bhfuil sí faoi réir lena córais smachtbhannaí a athbhreithniú, a choigeartú agus a fhoirceannadh, i gcás inarb iomchuí, agus aird á tabhairt ar staideanna síorathraitheach ar an talamh agus ar an ngá le héifeachtaí daonnúla neamhbheartaithe a íoslaghdú, chinn CSNA, i mír 1 de UNSCR 2664 (2022), go bhfuil sé ceadaithe cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha eile a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc nó earraí agus seirbhísí riachtanacha a sholáthar chun seachadadh tráthúil cúnamh dhaonnúil a áirithiú nó chun tacú le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine agus nach sáraítear leis sin na reonna sócmhainní a d’fhorchuir CSNA nó a Coistí Smachtbhannaí. Chun críocha an Chinnidh seo, tugtar “an díolúine dhaonnúil” ar mhír 1 de UNSCR 2664 (2022). Tá an díolúine dhaonnúil infheidhme maidir le gníomhaithe áirithe mar a leagtar amach sa Rún sin.
- (3) Ceanglaítear le UNSCR 2664 (2022) go bhfuil feidhm ag an díolúine dhaonnúil ó na bearta reoite sócmhainní maidir le córas smachtbhannaí 1267/1989/2253 ISIL (Da’esh) agus Al-Qaida ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta ghlactha UNSCR 2664 (2022) agus luaitear ann go bhfuil sé ar intinn ag CSNA cinneadh a dhéanamh maidir le síneadh a chur lena chur i bhfeidhm UNSCR 2664 (2022) roimh an dáta a rachadh cur i bhfeidhm na díolúine sin in éag murach sin.
- (4) Cuirtear i dtábhacht i UNSCR 2664 (2022), i gcás ina bhfuil an díolúine dhaonnúil ag teacht salach ar rúin a bhí ann roimhe sin, go ndéanfaidh an díolúine dhaonnúil na rúin a bhí ann roimhe sin a fhorshuíomh a mhéid a bhaineann leis an gcoinbhleacht sin. Mar sin féin, soiléirítear le UNSCR 2664 (2022) go bhfuil mír 1 de UNSCR 2615 (2021) fós i bhfeidhm.
- (5) Iarrtar le UNSCR 2664 (2022) go ndéanfaidh soláthraithe atá ag brath ar an díolúine dhaonnúil iarrachtaí réasúnacha chun fabhrú aon sochar a thoirmistear le smachtbhannaí a íoslaghdú, bíodh sé sin mar thoradh ar sholáthar nó atreorú díreach nó indíreach, chuig daoine aonair nó eintitis ainmnithe, lena n-áirítear trí straitéisí agus próisis bainistithe riosca agus díchill chuí na soláthróirí a neartú.
- (6) Measann an Chomhairle gur cheart feidhm a bheith ag an díolúine dhaonnúil ó na bearta reoite sócmhainní de bhun Rún 2664 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe freisin i gcásanna ina gcinneann an tAontas bearta comhlántacha a ghlacadh a bhaineann le cistí agus acmhainní eacnamaíocha a reo sa bhreis ar na bearta sin arna gcinneadh ag CSNA nó a Choistí Smachtbhannaí.

- (7) Ní mór, dá bhrí sin Cinntí 2010/413/CBES ⁽¹⁾, 2010/788/CBES ⁽²⁾, 2014/450/CBES ⁽³⁾, (CBES) 2015/740 ⁽⁴⁾, (CBES) 2015/1333 ⁽⁵⁾, (CBES) 2016/849 ⁽⁶⁾, (CBES) 2016/1693 ⁽⁷⁾ agus (CBES) 2017/1775 ⁽⁸⁾ ón gComhairle a leasú dá réir sin.
- (8) Ní mór don Aontas tuilleadh a dhéanamh chun bearta áirithe den Chinneadh seo a chur chun feidhme,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/849 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

“7. Gan dochar do mhír 8, ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i míreanna 1(a) agus (2):

- (a) i gcás inar chinn an Coiste Smachtbhannaí, de réir an cháis, go bhfuil gá le díolúine chun obair na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta agus neamhrialtasacha a dhéanann gníomhaíochtaí cúnamh agus fóirithinte in DPDC a éascú ar mhaithe leis an bpobal sibhialta;
- (b) maidir le hidirbhearta airgeadais leis an Foreign Trade Bank ná le Korean National Insurance Company (KNIC) más le haghaidh oibriú misean taidhleoireachta in DPDC amháin na hidirbhearta sin nó le haghaidh gníomhaíochtaí daonnúla a dhéanann na Náisiúin Aontaithe, nó i gcomhar leis na Náisiúin Aontaithe.”;

- (2) in Airteagal 27, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“8. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha eile a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc, ná maidir le hearraí nó seirbhísí a sholáthar, a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na gníomhaithe seo a leanas a thabharfaidh an chabhair agus a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, chomh maith lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiúin Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hilitaobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiúin Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achainíocha nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiúin Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiúin Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó,

⁽¹⁾ Cinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle an 26 Iúil 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2007/140/CBES (IO L 195, 27.7.2010, lch. 39).

⁽²⁾ Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 336, 21.12.2010, lch. 30).

⁽³⁾ Cinneadh 2014/450/CBES ón gComhairle an 10 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/423/CBES (IO L 203, 11.7.2014, lch. 106).

⁽⁴⁾ Cinneadh (CBES) 2015/740 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin Theas agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/449/CBES (IO L 117, 8.5.2015, lch. 52).

⁽⁵⁾ Cinneadh (CBES) 2015/133 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES (IO L 206, 1.8.2015, lch. 34).

⁽⁶⁾ Cinneadh (CBES) 2016/849 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/183/CBES (IO L 141, 28.5.2016, lch. 79).

⁽⁷⁾ Cinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle an 20 Meán Fomhair 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus i gcoinne daoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2002/402/CBES (IO L 255, 21.9.2016, lch. 25).

⁽⁸⁾ Cinneadh (CBES) 2017/1775 ón gComhairle an 28 Meán Fomhair 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí (IO L 251, 29.9.2017, lch. 23).

- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí a mhéid a bhaineann le míreanna 1(a), agus 2 a mhéid a thagraítear do dhaoine agus d'eintitis a chumhdaítear le mír 1(a), agus arna gcinneadh ag an gComhairle a mhéid a bhaineann le míreanna 1(b), 1(c) agus 1(d), agus le mír 2 a mhéid a thagraítear do dhaoine agus d'eintitis a chumhdaítear le míreanna 1(b), 1(c) agus 1(d).”;

- (3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 28:

“Airteagal 28

Gan dochar d'Airteagal 27(8), Airteagal 27(1)(d), agus Airteagal 27(2) a mhéid a thagraítear do na daoine agus na heintitis a chumhdaítear le hAirteagal 27(1)(d), ní bheidh feidhm aige maidir le cistí, sócmhainní airgeadais eile ná acmhainní eacnamaíocha eile a theastaíonn chun gníomhaíochtaí mhisin DPDC chuig na Náisiúin Aontaithe agus a sainghníomhaireachtaí agus eagraíochtaí gaolmhara nó misean taidhleoireachta agus consalach eile de chuid DPDC a dhéanamh, ná maidir le haon chistí, sócmhainní airgeadais eile nó acmhainní eacnamaíocha a chinnfidh an Coiste Smachtbhannaí roimh ré ar bhonn cás ar chás go bhfuil gá leo chun cúnamh daonnúil a sheachadadh, ar mhaithe le dí-armáil núicléach nó chun aon chríoch eile atá comhchuí le cuspóirí Rún 2270 (2016) ó Chomhairle Slándála na Náisiúin Aontaithe.”;

- (4) in Airteagal 36, cuirtear an mhír seo a leanas leis

“3. Déanfar an díolúine dá dtagraítear in Airteagal 27(1), pointí (b), (c) agus (d), agus Airteagal 27(2) a mhéid a thagraítear do dhaoine agus d'eintitis a chumhdaítear le pointe (b), (c) agus (d) de Airteagal 27(1), a athbhreithniú go tráthrialta agus gach 12 mhí ar a laghad.”.

Airteagal 2

Leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES mar a leanas:

- (1) in Airteagal 5, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“10. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha eile a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc, ná maidir le hearraí nó seirbhísí a sholáthar, a bhfuil gá leo chun áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na gníomhaithe seo a leanas a thabharfaidh an chabhair agus a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, chomh maith lena sainghníomhaireachtaí agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiúin Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hilitaobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiúin Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achainíocha nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiúin Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiúin Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó,
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí maidir le daoine agus eintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(1), agus arna gcinneadh ag an gComhairle maidir le daoine agus eintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(2).”;

- (2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

“7. Gan dochar d'Airteagal 5(10), maidir le daoine agus eintitis a liostaítear in Iarscríbhinn II, féadfar díolúintí a dhéanamh freisin le haghaidh cistí agus acmhainní eacnamaíocha a bhfuil gá leo chun críoch daonnúil, mar shampla cúnamh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis agus bia, nó aistriú oibríthe daonnúla agus cúnamh gaolmhar nó le haghaidh aslonnú ó Phoblacht Dhaonlathach an Chongó.”.

Airteagal 3

Leasaítear Chinneadh 2010/413/CBES mar a leanas:

(1) In Airteagal 20, cuirtear an mhír seo a leanas leis

“15. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 ná 2 maidir le cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha eile a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc, ná maidir le hearraí nó seirbhísí a sholáthar, a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na gníomhaithe seo a leanas a thabharfaidh an chabhair agus a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, chomh maith lena sainghníomhaireachtaí agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achainíocha nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó,
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste a mhéid a bhaineann le míreanna 1(a), agus 1(d) a mhéid a thagraítear do dhaoine agus d'eintitis a chumhdaítear le míreanna 1(a) agus 1(d), agus arna gcinneadh ag an gComhairle a mhéid a bhaineann le míreanna 1(b), 1(c) agus 1(e), agus le mír 2 a mhéid a thagraítear do dhaoine agus d'eintitis a chumhdaítear le míreanna 1(b), 1(c) agus 1(e).”;

(2) In Airteagal 26, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“6. Déanfar an díolúine dá dtagraítear in Airteagal 20(15), pointí (b), (c) agus (e), agus Airteagal 20(2) a mhéid a thagraítear do dhaoine agus d'eintitis a chumhdaítear le pointe (b), (c) agus (e) de Airteagal 20(1), a athbhreithniú go tráthrialta agus gach 12 mhí ar a laghad.”.

Airteagal 4

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/1693 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“10. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1, 2, 3 ná 4 maidir le cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha eile a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc, ná maidir le hearraí nó seirbhísí a sholáthar, a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na gníomhaithe seo a leanas a thabharfaidh an chabhair agus a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, chomh maith lena sainghníomhaireachtaí agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achainíocha nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó,
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste a mhéid a bhaineann le míreanna 1 agus 2, agus arna gcinneadh ag an gComhairle a mhéid a bhaineann le míreanna 3 agus 4.”;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

“Airteagal 6

1. Déanfar an Cinneadh seo a athbheithniú, a leasú nó a aisghairm de réir mar is iomchuí, go háirithe i bhfianaise na gcinntí ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nó ón gCoiste.
2. Beidh feidhm ag Airteagal 3(10) go dtí an 9 Nollaig 2024, mura rud é go gcinneadh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe síneadh a chur i bhfeidhm Rún 2664 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe thar an dáta sin.
3. Déanfar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) agus in Airteagal 3(3) agus (4) a athbheithniú go tráthrialta agus gach 12 mhí ar a laghad.
4. I gcás ina gcuirfidh duine nó eintiteas arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 2(2) nó le hAirteagal 3(3) agus (4) barúlacha isteach, déanfaidh an Chomhairle athbheithniú ar an ainmniú i bhfianaise na mbarúlacha sin agus scoirfidh na bearta d’fheidhm a bheith acu má chinneann an Chomhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 5, nach bhfuil na coinneálacha dá n-iarratas á gcomhlíonadh a thuilleadh.
5. Má dhéantar iarraidh eile, bunaithe ar fhianaise nua shubstaintiúil, duine nó eintiteas a bhaint den Iarscríbhinn, déanfaidh an Chomhairle athbheithniú eile i gcomhréir le mír 3.
6. Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) agus in Airteagal 3(3) agus (4) go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023.”.

Airteagal 5

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 mar a leanas:

(1) in Airteagal 9, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“14. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1, 2, ná 4 maidir le cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíochta eile a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc, ná maidir le hearraí nó seirbhísí a sholáthar, a bhfuil gá leo chun áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na gníomhaithe seo a leanas a thabharfaidh an chabhair agus a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, chomh maith lena sainghníomhaireachtaí agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achomhairc nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó,
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste a mhéid a bhaineann le míreanna 1, agus 4 a mhéid a thagraítear do dhaoine agus d’eintitis a chumhdaítear le mír 1, agus arna gcinneadh ag an gComhairle a mhéid a bhaineann le míreanna 2, agus 4 a mhéid a thagraítear do dhaoine agus d’eintitis a chumhdaítear le mír 2.”;

(2) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

“8. Gan dochar d’Airteagal 9(14), maidir le daoine agus eintitis a liostaítear in Iarscríbhinn IV, féadfar díolúintí a dhéanamh freisin le haghaidh cistí agus acmhainní eacnamaíochta a bhfuil gá leo chun críoch daonnúil, mar shampla cúnamh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairt leighis agus bia, soláthar leictreachais, oibríthe daonnúla agus cúnamh gaolmhar nó náisiúnaigh eachtrannacha a aslonnú ón Libia.”;

(3) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

“9. Gan dochar d’Airteagal 9(14), maidir leis na heintitis dá dtagraítear i mír 3, féadfar díolúintí a dhéanamh freisin le haghaidh cistí, sócmhainní airgeadais agus acmhainní eacnamaíocha ar choinníoll:

- (a) gur thug an Ballstát lena mbaineann fógra don Choiste go bhfuil sé ar intinn aige rochtain ar chistí, ar shócmhainní airgeadais eile, nó ar acmhainní eacnamaíocha a údarú, le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na críocha seo a leanas agus in éagmais cinneadh diúltach ón gCoiste laistigh de 5 lá oibre tar éis fógra den sórt sin a fháil:
 - (i) riachtanais dhaonnúla;
 - (ii) breosla, leictreachas agus uisce le haghaidh úsáidí sibhialta amháin;
 - (iii) táirgeadh agus díol hidreacarbón sa Libia a atosú;
 - (iv) institiúidí rialtais shibhialtaigh agus bonneagair shibhialtaigh phoiblí a bhunú, a oibriú nó a neartú; nó
 - (v) atosú oibríochtaí na hearnála baincéireachta a éascú, lena n-áirítear tacú leis an trádáil idirnáisiúnta leis an Libia nó í a éascú;
- (b) go bhfuil fógra tugtha ag an mBallstát lena mbaineann don Choiste á rá nach bhfuil na cistí, na sócmhainní airgeadais eile nó na hacmhainní eacnamaíocha sin le cur ar fáil do na daoine dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 nó chun tairbhe na ndaoine sin;
- (c) go ndeachaigh an Ballstát lena mbaineann i gcomhairle roimh ré le húdaráis na Libia maidir leis na cistí sin, sócmhainní airgeadais eile, nó na hacmhainní eacnamaíocha sin a úsáid; agus
- (d) go ndearna an Ballstát lena mbaineann an fógra a cuireadh isteach de bhun na míre seo a chomhroinnt le húdaráis na Libia agus nach ndearna údaráis na Libia agóid laistigh de 5 lá oibre i gcoinne scaoileadh na gcistí, sócmhainní airgeadais eile, nó na n-acmhainní eacnamaíocha sin.”.

Airteagal 6

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1775 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“8. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha eile a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc, ná maidir le hearraí nó seirbhísí a sholáthar, a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na gníomhaithe seo a leanas a thabharfaidh an chabhair agus a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, chomh maith lena sainghníomhaireachtaí agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiúin Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiúin Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achainíochta nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiúin Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiúin Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó,
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí.”;

(2) in Airteagal 2a, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“8. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha eile a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc, ná maidir le hearraí nó seirbhísí a sholáthar, a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na gníomhaithe seo a leanas a thabharfaidh an chabhair agus a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, chomh maith lena sainghníomhaireachtaí agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;

- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
 - (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltáí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
 - (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achainíocha nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
 - (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó,
 - (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gComhairle.”;
- (3) in Airteagal 2a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

“7. Gan dochar do mhír 8, de mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla sna Ballstáit údarú a thabhairt cistí reoite nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith oiriúnach, tar éis dóibh a chinneadh gur gá na cistí nó acmhainní eacnamaíocha sin a sholáthar chun críoch dhaonnúil, amhail seachadadh an chúnamh a chur ar fáil nó a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó aistriú na n-oibríthe daonnúla agus cúnamh gaolmhar nó le haghaidh aslonnuithe as Mailí. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údaruithe arna ndéonú faoin Airteagal seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.”

Airteagal 7

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/740 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 7, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“7. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 6 maidir le cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha eile a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc, ná maidir le hearraí nó seirbhísí a sholáthar, a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na gníomhaithe seo a leanas a thabharfaidh an chabhair agus a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, chomh maith lena sainghníomhaireachtaí agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltáí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achainíocha nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó,
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste.”;

- (2) in Airteagal 8, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“6. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 6 maidir le cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha eile a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc, ná maidir le hearraí nó seirbhísí a sholáthar, a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na gníomhaithe seo a leanas a thabharfaidh an chabhair agus a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, chomh maith lena sainghníomhaireachtaí agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;

- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hilitaobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achainíocha nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó,
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gComhairle.”.

Airteagal 8

In Airteagal 5 de Chinneadh 2014/450/CBES, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“5. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha eile a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc, ná maidir le hearraí nó seirbhísí a sholáthar, a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na gníomhaithe seo a leanas a thabharfaidh an chabhair agus a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, chomh maith lena sainghníomhaireachtaí agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hilitaobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achainíocha nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó,
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí.”.

Airteagal 9

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruséil, an 31 Márta 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL

CINNEADH (CBES) 2023/727 ÓN gCOMHAIRLE**An 31 Márta 2023****Iena leasaítear Cinneadh 2011/235/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 12 Aibreán 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/235/CBES ⁽¹⁾.
- (2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2011/235/CBES, measann an Chomhairle gur cheart na bearta sriantacha a leagtar amach ann a athnuachan go dtí an 13 Aibreán 2024.
- (3) Ba cheart an iontráil a bhaineann le duine amháin a ainmnítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES a bhaint den Iarscríbhinn sin. Ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le 18 nduine agus trí eintiteas a áirítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES a thabhairt cothrom le dáta.
- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/235/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2011/235/CBES mar a leanas:

- (1) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 13 Aibreán 2024. Déanfar athbhreithniú leanúnach air. Déanfar é a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.”;

- (2) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruséil an 31 Márta 2023.

*Thar ceann na Comhairle**An tUachtarán*

J. ROSWALL

⁽¹⁾ Cinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle an 12 Aibreán 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin (IO L 100, 14.4.2011, lch. 51).

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES (“Liosta na ndaoine agus na ‘eintiteas dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2”) mar a leanas:

- (1) scriostar iontráil 82 (a bhaineann le SARAFRAZ Mohammad (Dr.)) sa liosta dar ceannteideal “Daoine”;
- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na ‘iontrálacha a bhaineann leis na 18 nduine seo a leanas:

Daoine

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
“17.	SOLTANI Hodjatoleslam Seyed Mohammad	Inscne: fireann	Ó 2018 i leith, tá Hodjatoleslam Seyed Mohammad Soltani ina leas-ionchúisitheoir sa Revolutionary Prosecution Office, Mashhad. Ceannaire ar an Organisation for Islamic Propaganda i gcúige Khorasa’Razavi. Iarbhreitheamh, Mashhad Revolutionary Court (2013-2019). Rinneadh trialacha faoina dhlínse go hachomair agus i seisiún dúnta, gan cloí le cearta bunúsacha an chúisí. Ós rud é gur eisíodh rialuithe básuithe <i>en masse</i> , eisíodh pionóis an bháis gan nósanna imeachta maidir le héisteacht chóir a chomhlíonadh go cuí. Tá sé freagrach as pianbhreitheanna troma príosúnachta a ghearradh ar shaoránaigh mhionlach Baha’is, mar gheall ar a gcreideamh reiligiúnach, trí thrialacha éagóracha a bhfuil easpa próis chúí ag baint leo, agus as nósanna imeachta seachbhreithiúnacha a úsáid.	12.4.2011
19.	JAFARI-DOLATABADI Abbas	Áit bhreithe: Yazd (an Iaráin) Dáta breithe: 1953 Inscne: fireann	Iarchomhairleoir do Chúirt Uachtarach Araíonachta na mbreithiúna (an 29 Aibreán 2019-2020 ar a laghad). Iar-Ionchúisitheoir Ginearálta Tehran (mí Lúnasa 2009-mí Aibreáin 2019). Chúisigh oifig Abbas Jafari-Dolatabadi líon mór agóideoirí, lena n-áirítear daoine a ghlac páirt in agóidí Lá Ashura i mí na Nollag 2009. D’ordaigh sé go ndúnfaí oifig Karroubi i mí Mheán Fómhair 2009 agus go ngabfaí roinnt polaiteoirí leasaitheacha, agus chuir sé cosc ar dhá pháirtí pholaitiúla leasaitheacha i mí an Mheithimh 2010. Rinne a oifig agóideoirí a chúiseamh i leith ‘Muharebeh’, nó ‘naimhdeas i gcoinne Dé’, lena ngabhann pionós an bháis, agus dhiúltaigh sé próis chúí dóibh siúd a raibh an pionós sin á bhagairt orthu. Chomh maith leis sin, dhírigh a oifig ar leasaitheoirí, ar ghníomhaithe ar son chearta an duine agus ar bhaill na meán, agus ghabh a oifig daoine den sórt sin, mar chuid de chniogbheartaíocht leathan ar an bhfreasúra polaitiúil. I mí Dheireadh Fómhair 2018, d’fhógair sé do na meáin go ndéanfaí ceathrar gníomhaithe ar son an chomhshaoil ón Iaráin a coinníodh a chúiseamh i leith ‘an t-éilliú a chur chun cinn ar domhan’, ar cúiseamh é lena ghabhann pionós an bháis.	12.4.2011

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
21.	MOHSENI-EJEI Gholam-Hossein	Áit bhreithe: Ejiyeh (an Iaráin) Dáta breithe: circa 1956 Inscne: fireann	An Príomh-Bhreitheamh ó mhí Iúil 2021 i leith. Comhalta den Expediency Council. Ionchúisitheoir Ginearálta na hIaráine ó Mheán Fómhair 2009 go dtí 2014. IarLeas-Cheann na mBreithiúna (2014 go dtí mí Iúil 2021) agus urlabhraí thar ceann na mBreithiúna (2010-2019). An tAire Faisnéise ó 2005 go dtí 2009. Fad a bhí sé ina Aire Faisnéise le linn na dtoghchán in 2009, bhí gníomhairí faisnéise faoina cheannas freagrach as an gcoinneáil agus céasadh agus na hadmhálacha bréagacha faoi bhrú a fháil ó na céadta gníomhaí, iriseoir, easaontóirí agus polaiteoirí leasaitheacha. Ina theannta sin, cuireadh iallach ar phearsana polaitiúla admhálacha bréagacha a dhéanamh faoi cheistiúcháin dhofhulaingthe lenár áiríodh céasadh, mí-úsáid, dúmhál agus bagairt a chur ar a muintir. Le linn agóidí 2022/2023, mhaíomh Gholam-Hossein Mohseni-Ejei go gcaithfí go neamhthrócaireach le hagóideoirí.	12.4.2011
25.	SALAVATI Abdolghassem	Inscne: fireann	Breitheamh den Special Court for Financial Crimes, brainse 4 ó 2019 i leith. Breitheamh, Ceann Tehran Revolutionary Court, brainse 15. Breitheamh Cimithe in Tehran Tribunal. Bhí sé i gceannas ar na cásanna iarthoghcháin, agus ba é an Breitheamh a bhí i gceannas ar na 'seóthrialacha' le linn an tsamhraidh in 2009, ghearr sé pionós an bháis ar bheirt mhonarcaithe a bhí i láthair sna seóthrialacha. Tá níos mó ná céad príosúnach polaitiúil, gníomhaí chearta an duine agus léiritheoir curtha faoi théarmaí fada príosúnachta aige. In 2018, léirigh tuarascálacha gur lean sé air ag gearradh téarmaí príosúnachta comhchosúla gan nósanna imeachta maidir le héisteacht chóir a chomhlíonadh go cuí. Le linn agóidí 2022, dhaor Abdolghassem Salavati go leor agóideoirí chun báis, lena n-áirítear Mohammad Beroghani agus Saman Seydi.	12.4.2011
43.	JAVANI Yadollah	Inscne: fireann Náisiúntacht: Iaránach Grád: Briogáidireghinearál	Leas-Cheannasaí IRGC do ghnóthaí polaitiúla. Tá go leor iarrachtaí déanta aige deireadh a chur le saoirse cainte agus dioscúrsa trína ráitis phoiblí lena dtacaítear le hagóideoirí agus easaontóirí a ghabháil agus a phionósú. Duine de na chéad oifigigh ardchéime a d'éiligh Moussavi, Karroubi agus Khatami a ghabháil in 2009. Thacaigh sé le húsáid a bhaint as teicnící a sháraíonn an ceart chun triail a fháil, lena n-áirítear admhálacha poiblí agus scaoil sé ábhar ceistiúcháin roimh an triail. Léiríonn an fhianaise freisin gur ghlac sé le foréigean a úsáid in aghaidh agóideoirí agus mar bhall lárnach den IRGC is ridhócha go raibh sé ar an eolas faoi theicnící diancheistiúcháin a úsáideadh chun brú a chur ar dhaoine coireanna a admháil.	10.10.2011

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
57.	HAJMOHAM- MADI Aziz (dá ngairtear freisin Aziz Hajmohammadi, Noorollah Azizmohammadi)	Áit bhreithe: Tehran (an Iaráin) Dáta breithe: 1948 Inscne: fireann	Breitheamh i mbrainse 71 sa Chúirt Choiriúil i gCúige Tehran. Ag obair dó thar ceann na mbreithiúna ó 1971 i leith, bhí sé páirteach i roinnt trialacha d'agóideoirí, <i>inter alia</i> , mar shampla Abdol-Reza Ghanbari, múinteoir a gabhadh i mí Eanáir 2010 agus a daoradh chun báis mar gheall ar a chuid gníomhaíochtaí polaitiúla.	10.10.2011
58.	BAGHERI Mohammad-Bagher	Inscne: fireann	In 2019, ceapadh Mohammad-Bagher Bagheri mar Leas-Cheann na mBreithiúna do Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus mar Rúnaí Foirne um Chearta an Duine in ionad Mohammad Javad Larijani sa phost sin le foraithe ó Ebrahim Raisi. Bhí sé ina bhreitheamh sa Chúirt Uachtarach idir mí na Nollag 2015 agus 2019. Iar-leaschathaoirleach ar riarachán breithiúnach chúige South Khorasan, agus é i gceannas ar chosc na coireachta. Chomh maith le 140 bású as cionta caipitil a admháil i mí an Mheithimh 2011, a tharla idir Márta 2010 agus Márta 2011, tuairiscítear gur tharla thart ar 100 bású eile le linn na tréimhse céanna agus sa chúige chéanna, mar atá cúige South Khorasan, gan fógra a thabhairt do na teaghlaigh ná do na dlíodóirí. Bhí sé, dá bhrí sin, comhpháirteach i sárú tromchúiseach ar an gceart chun próise cuí, agus é ag cur le líon ard pionóis an bháis.	10.10.2011
60.	HOSSEINI Dr Seyyed Mohammad (dá ngairtear freisin HOSSEYNI Dr Seyyed Mohammad; Seyed, Sayyed agus Sayyid) دکتر سید محمد حسینی	Áit bhreithe: Rafsanjan, Kerman (an Iaráin) Dáta breithe: 23.7.1961 Inscne: fireann	Leas-Uachtarán gnóthaí parlaiminte faoin Uachtarán Raisi ó mhí Lúnasa 2021 i leith. Comhairleoir don IarUachtarán Mahmoud Ahmadinejad agus urlabhraí don fhaicsean docht polaitiúil YEKTA. An tAire Cultúir agus Treoraíochta Ioslamaí (2009-2013). IarLeas-Stiúrthóir ar an Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB). Iarchomhairleoir ag Stiúrthóir an Islamic Culture and Relations Organisation (ICRO). Iarchomhalta den IRGC, bhí sé comhpháirteach i gcur faoi chois iriseoirí.	10.10.2011
66.	MIRHEJAZI Ali Ashgar	Dáta breithe: An 8 Meán Fómhair 1946 Áit bhreithe: Isfahan Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Comhairleoir faisnéise don Cheannaire Uachtarach. Ar dhuine de chiorcal inmheánach an Cheannaire Uachtaraigh, ar dhuine de na daoine a bhí freagrach as cur faoi chois agóidí a phleanáil, rud atá á chur chun feidhme ó 2009 agus baint aige leo siúd atá freagrach as agóidí a chur faoi chois. Bhí sé freagrach freisin as cosc a chur le corraíl phoiblí i mí na Nollag 2017/2018 agus i mí na Samhna 2019.	23.3.2012

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
69.	MORTAZAVI Seyyed Solat	Áit bhreithe: Farsan, Tchar Mahal-o-Bakhtiari (Theas) – (an Iaráin) Dáta breithe: 1967 Inscne: fireann	Ón 19 Deireadh Fómhair 2022, ina Aire (gníomhach) Comharchumann, Saothair agus Leasa Shóisialaigh. Ó mhí Mheán Fómhair 2021 go dtí mí Dheireadh Fómhair 2022, an Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Feidhmiúcháin na hIaráine agus Ceann Oifig an Uachtaráin. Ón 16 Meán Fómhair 2019 go dtí mí Mheán Fómhair 2021, is é ceann bhraíne réadmhaoine an Mostazafan Foundation, a raibh á réachtáil go díreach ag an Supreme Leader Khamenei. Stiúrthóir ar chraobh Tehran den Foundation Astan Qods Razavi, go dtí mí na Samhna 2019. Iarmhéara Mashhad, an dara cathair is mó san Iaráin, áit a dtarlaíonn básuithe poiblí go rialta. IarLeas-Aire Gnóthaí Baile le freagracht as gnóthaí polaitiúla, a ceapadh in 2009. Sa cháil sin, bhí sé freagrach as daoine a labhair amach mar chosaint ar a gcearta dlisteanacha, lena ‘áirítear saoirse chun tuairimí a nochtadh, a chur faoi chois. Ina dhiaidh sin, ceapadh é ina Cheann ar an Iranian Election Committee do thoghcháin pharlaiminteacha in 2012 agus do na toghcháin uachtaránachta in 2013.	23.3.2012
77.	JAFARI Reza	Dáta breithe: 1967 Inscne: fireann	Iarchomhairleoir ag an Disciplinary Court for Judges (2012-2022). Comhalta den ‘Committee for Determining Criminal Web Content’, comhlacht atá freagrach as cinsireacht ar shuíomhanna gréasáin agus ar na meáin shóisialta. Iar-Cheann ionchúisimh speisialta na cibearchoireachta idir 2007 agus 2012. Bhí sé freagrach as saoirse tuairimí a chur faoi chois, lena ‘áirítear trí bhlagálaithe agus iriseoirí a ghabháil, a choinneáil agus a ionchúiseamh. Tugadh drochíde do dhaoine ar amhras cibearchoireachta agus bhí siad faoi réir próiseas breithiúnach éagórach.	23.3.2012
81.	Moussavi Seyed Mohammad Bagher (dá ngairtear freisin MOUSAVI Ayed Mohammed Baqir) محمدباقر موسوی	Inscne: fireann	Ghearr Breitheamh ó Chúirt Réabhlóideach Ahwaz, Brainse 2 (2011-2015), pionóis an bháis ar roinnt daoine, lena ‘áirítear cúigear Arabach Ahwazi, Mohammad Ali Amouri, Hashem Sha’bani Amouri, Hadi Rashedi, Sayed Jaber Alboshoka, Sayed Mokhtar Alboshoka an 17 Márta 2012 as ‘gníomhaíochtaí i gcoinne na slándála náisiúnta’ agus ‘naimhdeas i gcoinne Dé’. Sheas Cúirt Uachtarach na hIaráine leis na pianbhreitheanna sin an 9 Eanáir 2013. Gabhadh an cúigear gan chúiseamh agus bhí siad faoi choinneáil ar feadh bliana, rinneadh céasadh orthu agus gearradh pionós orthu gan próis chúí. Cuireadh Hadi Rashedi agus Hashem Sha’bani Amouri chun báis in 2014.	12.3.2013

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
83.	JAFARI Asadollah	Inscne: fireann	<p>Ard-Aighne Isfahan faoi láthair. Sa phost sin, d'ordaigh sé frithghníomhartha foréigneacha i gcoinne agóideoirí a thug faoi na sráideanna i mí na Samhna 2021 chun agóid a dhéanamh in aghaidh ganntanais uisce. De réir roinnt tuarascálacha, d'fhógair Asadollah Jafari go rabhthas chun oifig speisialta a chur ar bun chun imscrúdú a dhéanamh ar na hagóideoirí a gabhadh.</p> <p>Ó 2017 go 2021, bhí sé ina Ard-Aighne i gCúige North Khorasan.</p> <p>Ina cháil mar Iar-Ionchúisitheoir Mazandaran Province (2006-2017), mhol Jafari go ngearrfaí pionós an bháis i gcásanna a thug sé os comhair na cúirte, ar tháinig básuithe iomadúla dá thoradh lena 'áirítear básuithe poiblí ina sáraítear, trí phionós an bháis a ghearradh, cearta idirnáisiúnta an duine, lena 'áirítear trí phionós díreireach iomarcach. Tá Jafari freagrach as gabháil mhídhleathach agus sárúithe ar chearta na gcimí Baha'i ó ghabhtar iad an chéad uair go dtí go gcoinnítear ina 'aonar iad san Intelligence Detention Centre.</p>	12.3.2013
84.	EMADI Hamid Reza (dá ngairtear freisin Hamidreza Emadi)	<p>Áit bhreithe: Hamedan (an Iaráin)</p> <p>Dáta breithe: circa 1973</p> <p>Áit chónaithe: Tehran</p> <p>Áit oibre: Ceanncheathrú Press TV, Tehran</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Iar-Stiúrthóir an tSeomra Nuachta le Press TV. Iar-Léiritheoir sinsearach le Press TV.</p> <p>Freagrach as admhálacha éigeantacha ó chimí a léiriú agus a chraoladh, lena 'áirítear iriseoirí, gníomhaithe polaitiúla agus daoine ar de ghrúpaí mionlaigh Choirdíneacha agus Arabacha iad, lena sáraítear cearta a aithnítear go hidirnáisiúnta maidir le triail chóir agus próis chuí a fháil. Ghearr an rialtóir craolacháin neamhspleách OFCOM fineáil GBP 100 000 ar Press TV sa Ríocht Aontaithe as admháil éigeantach ón iriseoir agus scannánóir Iaránach-Cheanadach Maziar Bahari a chraoladh in 2011, a scannánaíodh sa phríosún agus Bahari faoi éigeantas. Tá sé tuairiscithe ag ENRanna gur tharla cásanna eile d'admhálacha éigeantacha a chraol Press TV. Tá baint ag Emadi, dá bhrí sin, le sárú a dhéanamh ar an gceart chun próise cuí agus triail chóir a fháil.</p> <p>In 2016, bhí sé faoi réir nósanna imeachta araíonachta as ciapadh gnéasach ar a chomhghleacaí Sheena Shirani, rud a d'fhág gur cuireadh ar fionraí ón tseirbhís é.</p>	12.3.2013
92.	ASHTARI Hossein	<p>Áit bhreithe: Isfahan (dá ngairtear freisin Esfahan, Ispahan)</p> <p>Náisiúntacht: Iaránach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Post: Ardcheannasaí ar an Iranian police force</p>	<p>Bhí Hossein Ashtari ina Ardcheannasaí ar fhórsa póilíneachta na hIaráine ó mhí an Mhárta 2015 go dtí mí Eanáir 2023 agus is comhalta den Chomhairle Slándála Náisiúnta é. Áirítear ar an bhfórsa póilíneachta Aonaid Emdad agus na hAonaid Speisialta. D'úsáid gnáthfhórsa póilíneachta na hIaráine, Aonaid Emdad agus na hAonaid Speisialta fórsa marfach chun agóidí mhí na Samhna 2019 san Iaráin a chur faoi chois, rud a d'fhág gur maraíodh agus gur gortaíodh lucht agóide neamh-armtha agus sibhialtaigh eile i gcuid mhór cathracha ar fud na tíre. Agus é ina chomhalta den Chomhairle Slándála Náisiúnta, ghlac Ashtari páirt sna seisiúin a raibh orduithe mar thoradh orthu fórsa marfach a úsáid chun agóidí mhí na Samhna 2019 a chur faoi chois. Tá Ashtari freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.</p>	12.4.2021

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
95.	VASEGHI Leyla (ar a dtugtar freisin VASEQI Layla, VASEGHI Leila, VASEGHI Layla)	<p>Áit bhreithe: Sari, Mazandaran Province (an Iaráin)</p> <p>Dáta breithe: 1352 (féilire Hijri na hIaráine), 1972 nó 1973 (féilire Ghréagóra)</p> <p>Inscne: baineann</p> <p>Post: Iarghobharnóir Shahr-e Qods agus Ceann an City Security Council</p>	<p>Mar ghobharnóir Shahr-e Qods agus Ceann an City Security Council ó mhí Mheán Fómhair 2019 go dtí mí na Samhna 2021, d'ordaigh Leyla Vaseghi do na póilíní agus d'fhórsaí armtha eile leas a bhaint as modhanna marfacha le linn agóidí i mí na Samhna 2019, rud a d'fhág gur maraíodh agus gur gortaíodh lucht agóide neamh-armtha agus sibhialtaigh eile. Mar ghobharnóir Shahr-e Qods agus Ceann an City Security Council, tá Vaseghi freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. I gcomhthéacs agóidí 2022/2023, cuimhníonn muintir na hIaráine uirthi fós mar dhuine a raibh ceann de na príomhróil aici i gcur faoi chois foréigneach, agus comparáid á déanamh idir a ndeir sí go poiblí agus an cur faoi chois atá ar bun faoi láthair.</p>	12.4.2021'
137.	<p>REZVANI Ali (ar a dtugtar REZWANI Ali freisin)</p> <p>رضوانی علی</p>	<p>Dáta breithe: 1984</p> <p>Náisiúntacht: Iaránach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Feidhm: Tuairisceoir agus príomhláithreoir/láithreoir nuachta de chuid Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB) maidir le cúrsaí polaitíochta agus slándála</p>	<p>Tá Ali Rezvani ina thuairisceoir don Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB) agus tá sé ina phríomhláithreoir/láithreoir nuachta ar an gclár nuachta 20.30 a bhíonn ar IRIB gach oíche.</p> <p>Is eagraíocht meáin státrialaithe de chuid na hIaráine é IRIB agus cuirtear de chúram air faisnéis an rialtais a scaipeadh. Is é clár nuachta 20.30 IRIB, a bhíonn ar siúl gach oíche ar Channel 2, príomhclár nuachta na tíre, agus meastar gurb é príomhardán IRIB chun clár oibre na bhfórsaí slándála a chur chun feidhme, lena áirítear an Ministry of Intelligence (MOIS) agus an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC). Léirítear i gcásanna a bhfuil taifead déanta orthu go ggraolann nuacht 20.30 admhálacha éigeantacha.</p> <p>Ina cháil mar thuarascóir IRIB, glacann Ali Rezvani páirt i gceistiúcháin as a dtagann admhálacha éigeantacha, agus dá dheasca sin, tá baint dhíreach aige i sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus sna sarúithe sin a éascú. Ina cháil mar phríomhláithreoir ar chlár nuachta 20.30, cuireann Rezvani chun cinn clár oibre fhórsaí slándála na hIaráine, clár a bhfuil glacadh aige le sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, amhail céasadh, gabhálacha treallacha agus coinneáil. Chomh maith leis sin, scaipeann sé bolscaireacht i gcoinne lucht cáinte d'fhonn imeagla a chur orthu sin agus údar a thabhairt ar a ndrochíde agus an drochíde sin a mholadh, rud a sháraíonn a gceart chun saoirse tuairimí a nochtadh.</p> <p>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.</p>	12.12.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
142.	BORMAHANI Mohsen (ar a dtugtar BARMAHANI Mohsen) محسن برمهانی	Dáta breithe: 24.5.1979 Áit bhreithe: Neishabur, Iran Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann Uimh. Pas: A54062245 (an Iaráin), a rachaidh in éag an 12 Iúil 2026 Uimh. Cárta Aitheantais Náisiúnta: 1063893488 (an Iaráin) Feidhm: Leas-Stiúrthóir ar an Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB)	Tá Mohsen Bormahani ina Leas-Stiúrthóir ar an Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB), a bhíonn ag bolscaireacht ar son an réimis atá i gcumhacht. Sa cháil atá aige, tá Bormahani freagrach as inneachar IRIB. Cuireann IRIB srian daingean le saorghluaiseacht faisnéise, agus séanann sé an tsaorghluaiseacht faisnéise sin ar mhuintir na hIaráine. Anuas air sin, tá IRIB páirteach go gníomhach in ‘admhálacha’ éigeantacha bhaintear as lucht cáinte an réimis a eagrú agus a chraoladh, agus iad bainte astu trí imeaglú agus foréigean fíorghéar. Is minic a chraoltar na ‘hadmhálacha’ seo tar éis agóidí poiblí, nó roimh bhású mar bhealach le frithfhreagairt an phobail a laghdú. Cé gur éirigh roinnt de phearsanra ardphróifíle craolacháin an stáit as a bpost le déanaí agus gur shéan siad freagairt fhoréigneach réimeas na hIaráine ar agóidí 2022 san Iaráin, leanann Bormahani dá chúram mar Leas-Stiúrthóir agus tá cosaint déanta aige ar an réimeas sna ráitis is déanaí uaidh. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.	12.12.2022”

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na ‘iontrálacha a bhaineann leis na trí eintiteas seo a leanas:

Eintitis

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
“2.	Príosún Evin	Seoladh: Tehran Province, Tehran, District 2, Dasht-e Behesht (an Iaráin)	Is ionad coinneála é Príosún Evin inar coinníodh príosúnaigh pholaitiúla agus inar tharla sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena ‘áirítear céasadh, le roinnt blianta anuas agus, go deimhin, le blianta fada anuas. I mí na Samhna 2019, coinníodh agóideoirí, agus go pointe áirithe tá siad á gcoinneáil fós, i bPríosún Evin mar phríosúnaigh pholaitiúla. Tá bunchearta nós imeachta á gceilt ar phríosúnaigh i bPríosún Evin, agus uaireanta coimeádtar iad i mbraighdeanas aonair nó i gcealla plódaithe ina bhfuil drochdhálaí sláinte. Tá tuairiscí mionsonraithe ann ar chéasadh, idir fhisiciúil agus shíceolaíoch. Séantar teagmháil lena muintir agus le dlíodóirí ar na cimití, chomh maith le cóireáil sláinte leordhóthanach. I gcomhthéacs agóidí 2022/2023, tá cásanna céastóireachta fós á dtuairisciú. Níor míníodh cúis an dóiteáin as ar eascair roinnt básanna agus gortuithe i mí Dheireadh Fómhair 2022 don phobal, agus diúltaíonn údarais an phríosúin d’aon fhiosrúcháin idirnáisiúnta. I gcomhthéacs an dóiteáin, ba léir freisin go ‘úsáideann an príosún mianaigh chun éaluithe as an bpríosún a chosc, rud a cháintear go géar go hidirnáisiúnta. Coinníodh roinnt náisiúnach trú stát go treallach i bPríosún Evin.	12.4.2021

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
3.	Príosún Fashafouyeh (dá ngairtear freisin Greater Tehran Central Penitentiary, Hasanabad-e Qom Prison, Greater Tehran Prison)	Seoladh: Tehran Province, Hasanabad, Bijin Industrial Zone, Tehran, Qom Old Road (an Iaráin) Teileafón: +98 21 5625 8050	<p>Is ionad coinneála é Príosún Fashafouyeh a roghnaíodh ar dtús chun ciontóirí coireanna drugaí a choinneáil, ach tá príosúnaigh pholaitiúla á gcoinneáil ann le déanaí chomh maith agus, i gcásanna áirithe, cuirtear iallach orthu cealla a roinnt le handúligh drugaí. Tá na dálaí maireachtála agus sláinteachais fiordhona, gan riachtanais bhunúsacha, mar shampla, uisce óil glan a bheith ar fáil.</p> <p>Le linn agóidí mhí na Samhna 2019, coinníodh roinnt agóideoirí i bPríosún Fashafouyeh, mionaoisigh san áireamh. Tugtar le tuiscint i dtuarascálacha go ndearnadh céasadh agus cóireáil mhídhonna ar agóideoirí mhí na Samhna 2019 i bPríosún Fashafouyeh, mar shampla trína gcréachtú le huisce fiuchta d'aon ghnó agus trí chóireáil leighis a dhiúltú. De réir thuarascáil ó Amnesty International maidir le cniogbheartaíocht i gcoinne agóidí mhí na Samhna 2019, coinníodh leanaí chomh hóg le 15 bliana d'aois in éineacht le daoine fásta i bPríosún Fashafouyeh. Rinne cúirt in Tehran triúr agóideoirí ó mí na Samhna 2019 atá faoi choinneáil i bPríosún Fashafouyeh faoi láthair a dhaoradh chun báis.</p> <p>Ó thús agóidí 2022/2023, tuairiscíodh gur aistríodh 3 000 duine chuig príosún Fashafouyeh agus go bhfuil 835 duine fós ann. Tuairiscíodh roinnt cásanna de chéasadh agus d'admhálacha faoi éigeantas.</p>	12.4.2021
4.	Príosún Rajae Shahr (dá ngairtear freisin Príosún Rajai Shahr, Rajaishahr, Raja'i Shahr, Reja'i Shahr, Rajayi Shahr, Príosún Gorhardasht, Príosún Gohar Dasht)	Seoladh: Alborz Province, Karaj, Gohardasht, Moazzen Blvd (an Iaráin) Teileafón: +98 26 3448 9826	<p>Tá cáil ar Phríosún Rajae Shahr as fáil réidh le cearta an duine, lena 'áirítear céasadh tromchúiseach fisiceach agus síceolaíoch ar phríosúnaigh pholaitiúla agus ar phríosúnaigh choinsiasa chomh maith le hollbhású gan triail chóir, ó bhí an Réabhlóid Íoslamaigh ann in 1979.</p> <p>Tugadh drochíde thromchúiseach do na céadta cime, leanaí san áireamh, i bPríosún Rajae Shahr i ndiaidh agóidí mhí na Samhna 2019. Tá tuairiscí inchreidte ann faoi go leor cásanna céastóireachta agus cineálacha eile pionós cruálach, lena 'áirítear cásanna a bhaineann le mionaoisigh.</p> <p>Ó thús agóidí 2022/2023, cuireadh go leor daoine den fhreasúra i bPríosún go treallach ansin i ndálaí a ndearna roinnt iriseoirí príosúnaigh cur síos orthu a bheith contúirteach agus gur ar éigean a d'fhéadfaí cur suas leo mar dhálaí maireachtála.</p>	12.4.2021"

CINNEADH (CBES) 2023/728 ÓN gCOMHAIRLE**an 31 Márta 2023****a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchoibhsú staid na hÚcráine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise san Úcráin ⁽¹⁾.
- (2) An 25 Feabhra 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/434 ⁽²⁾, lenar leasíodh Cinneadh 2014/512/CBES agus lenar tugadh isteach tuilleadh beart sriantach chun gníomhaíochtaí craoltóireachta san Aontas, nó atá dírithe ar an Aontas, a chur ar fionraí – gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí meán áirithe. Leagtar na heagraíochtaí sin amach i bpointe (3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/434. De bhun Airteagal 1, pointe (11), de Chinneadh (CBES) 2023/434, tá infheidhmeacht na mbeart sin i dtaca le ceann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí meán sin faoi réir cinneadh eile ón gComhairle.
- (3) Tar éis di na cásanna faoi seach a scrúdú, chinn an Chomhairle gur cheart feidhm a bheith ag na bearta sriantacha dá dtagraítear in Airteagal 4g de Chinneadh 2014/512/CBES ón 10 Aibreán 2023 i leith na n-eintiteas a leagtar amach i bpointe (3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/434,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 4g de Chinneadh 2014/512/CBES ón 10 Aibreán 2023 i leith na n-eintiteas a leagtar amach i bpointe (3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/434.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruséil, an 31 Márta 2023.

*Thar ceann na Comhairle**An tUachtarán*

J. ROSWALL

⁽¹⁾ Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchoibhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).

⁽²⁾ Cinneadh (CBES) 2023/434 ón gComhairle an 25 Feabhra 2023 lena leasítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchoibhsú staid na hÚcráine (IO L 591, 25.2.2023, lch. 593).

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/729 ÓN gCOIMISIÚN
an 30 Márta 2023

maidir le bunú na hailtireachta teicniúla, na sonraíochtaí teicniúla chun faisnéis a iontráil agus a stóráil agus na nósanna imeachta chun faisnéis atá sa chóras do Dhoiciméid Bhréige agus Doiciméid Bharántúla ar Líne de chuid an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a rialú agus a fhíorú (“EBCG FADO”)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/493 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Márta 2020 maidir leis an gcóras do Dhoiciméid Bhréagacha agus Doiciméid Bharántúla ar Líne (FADO) agus lena n-aisghairtear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 98/700/CGB ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 6(1), pointí (a), (b) agus (c) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cuireadh an Córas Eorpach um Chartlannú Íomhánna ar Dhoiciméid Bhréagacha agus Doiciméid Bharántúla ar Líne (córas FADO) ar bun chun malartú faisnéise maidir leis na gnéithe slándála agus na saintréithe calaoise a d'fhéadfadh a bheith i ndoiciméid bharántúla agus i ndoiciméid bhréagacha a éascú idir údaráis na mBallstát atá inniúil i réimse na calaoise doiciméad. Is é is cuspóir do chóras FADO freisin faisnéis a chomhroinnt le gníomhaithe eile, lena n-áirítear an pobal i gcoitinne.
- (2) Tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2020/493, tiocfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (“an Ghníomhaireacht”) i gceannas ar chóras FADO atá á oibriú faoi láthair ag an gComhairle, agus dá bhrí sin is gá bearta a ghlacadh maidir le hailtireacht theicniúil agus sonraíochtaí teicniúla chóras FADO.
- (3) Ba cheart go gcuirfeadh ailtireacht theicniúil agus sonraíochtaí teicniúla chóras “EBCG FADO” ar a chumas don Ghníomhaireacht córas cuí agus iontaofa a áirithiú agus an faisnéis a fhaightear a iontráil ar bhealach tráthúil éifeachtúil, agus ar an mbealach sin aonfhoirmeacht agus cáilíocht na faisnéise sin a ráthú de réir ardchaighdeán. Ba cheart fíorú iomchuí doiciméad agus céannachta a áirithiú ar na leibhéil uile, idir an scrúdú fóiréinseach is sofaisticiúla agus an tseiceáil is simplí. Ba cheart go gcuirfeadh córas EBCG FADO pointe aonair rochtana a sholáthar d'úsáideoirí ar mian leo faisnéis a bhainistiú nó ábhar FADO a chuardach. Ba cheart go soláthródh an córas, i measc nithe eile, aistriú córasach agus struchtúrtha eolais idir saineolaithe doiciméid agus ó na saineolaithe chuig saineolaithe nach saineolaithe doiciméid iad.
- (4) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí maidir leis an gcinneadh cur chun feidhme seo.
- (5) Ós rud é go gcuireann Rialachán (AE) 2020/493 le *acquis* Schengen, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus le CFAE, thug an Danmhairg fógra faoi chur chun feidhme Rialachán (AE) 2020/493 ina dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, tá an Cinneadh seo ina cheangal ar an Danmhairg.
- (6) Tá Éire rannpháirteach i Rialachán (AE) 2020/493 i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Phrótacal Uimh. 19 maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus i gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Chinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ⁽²⁾. Dá bhrí sin, tá an Cinneadh seo ina cheangal ar Éirinn.

⁽¹⁾ IO L-107, 6.4.2020, lch. 1.

⁽²⁾ Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

- (7) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá stát sin le *acquis* ⁽³⁾ Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe H, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ⁽⁴⁾.
- (8) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* ⁽⁵⁾ Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe H, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/149/CGB ón gComhairle ⁽⁶⁾.
- (9) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* ⁽⁷⁾ Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe H, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/349/AE ón gComhairle ⁽⁸⁾,
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste arna bhunú le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ⁽⁹⁾ ón gComhairle (Coiste Airteagal 6) agus i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ailtireacht theicniúil chóras FADO, na sonraíochtaí teicniúla chun faisnéis a iontráil agus a stóráil i gcóras FADO agus na nósanna imeachta chun faisnéis atá i gcóras FADO a rialú agus a fhíorú, is mar a leagfar amach san Iarscríbhinn a bheidh siad.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁽³⁾ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

⁽⁴⁾ Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

⁽⁵⁾ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

⁽⁶⁾ Cinneadh 2008/149/CGB ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, ar son an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 50).

⁽⁷⁾ IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

⁽⁸⁾ Cinneadh 2011/349/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus leis an gcomhar póilíneachta (IO L 160, 18.6.2011, lch. 1).

⁽⁹⁾ IO L 164, 14.7.95, lch. 1.

⁽¹⁰⁾ IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Márta 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

CUID 1

1. Cuspóirí

Sa Chuid seo den Iarscríbhinn tá tuairisc ar ailtireacht theicniúil chóras na Gníomhaireachta Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (“an Ghníomhaireacht”) do Dhoiciméid Bhréagacha agus Doiciméid Bharántúla ar Líne (“córas EBCG FADO”) agus ar a chomhpháirteanna.

Forbrófar ailtireacht theicniúil chóras nua “EBCG FADO” diaidh ar dhiaidh de réir eisiúintí an chórais nua agus ceanglais a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

2. Tuairisc ar ailtireacht chóras EBCG FADO

Cuireann an ailtireacht theicniúil ar a cumas don Gníomhaireacht leibhéal éagsúla rochtana ar an bhfaisnéis a stóráiltear sa chóras a shocrú. Déanfaidh an Gníomhaireacht an fhaisnéis a fhaightear i gcóras EBCG FADO a iontráil ar bhealach tráthúil éifeachtúil agus déanfaidh sí aonfhoirmeacht agus cáilíocht na faisnéise sin a ráthú.

Feidhmchlár uileghabhálach le haghaidh na leibhéal rochtana uile a bheidh i gcóras EBCG FADO, agus soláthróidh sé pointe aonair rochtana d’úsáideoirí ar mian leo faisnéis a bhainistiú nó ábhar EBCG FADO a chuardach.

Beidh sé d’acmhainn ag ailtireacht theicniúil chóras EBCG FADO an méid seo a leanas a óstáil:

- (a) fearann poiblí ina mbeidh fothacar d’fhaisnéis bhunúsach maidir le samplaí de dhoiciméid bharántúla nó doiciméid bharántúla;
- (b) fearann neamh-rúnaicmithe íogair AE a bheidh faoi réir rialú rochtana trínar féidir an méid seo a leanas a chur ar fáil:
 - catagóirí éagsúla úsáideoirí chun faisnéis a chuardach de réir na gceart rochtana sainithe;
 - líon áirithe úsáideoirí chun faisnéis neamh-rúnaicmithe íogair a sholáthar agus a bhailíochtú sula gcuirfear an fhaisnéis sin ar fáil d’úsáideoirí deiridh (daoine a úsáideann faisnéis neamh-rúnaicmithe íogair AE);
 - cartlann chun cuid den fhaisnéis neamh-rúnaicmithe íogair a stóráil chun críoch staitistiúil agus stairiúil nuair nach ann a thuilleadh don chuspóir dár aisghabhadh faisnéis den sórt sin.
- (c) fearann rúnaicmithe AE (Srianta) atá faoi réir rialú rochtana d’úsáideoirí údaraithe trínar féidir an méid seo a leanas a chur ar fáil:
 - faisnéis rúnaicmithe a chuardach;
 - líon áirithe úsáideoirí chun faisnéis rúnaicmithe a sholáthar agus a bhailíochtú sula gcuirfear an fhaisnéis sin ar fáil d’úsáideoirí deiridh eile atá údaraithe chun rochtain a fháil ar an líonra rúnaicmithe (daoine a úsáideann faisnéis rúnaicmithe).

Thairis sin, beidh sé d’acmhainn ag ailtireacht theicniúil an chórais an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) ardleibhéal cibearshlándaála a áirithiú;
- (b) tacú le cumais fhairsinge chuardaigh agus tuairiscithe, agus seirbhísí ardleibhéil anailíseacha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an intleacht shaorga;
- (c) a bheith comhtháite le heintitis sheachtracha agus lena gcórais agus cumais malartaithe sonraí a sholáthar trí chomhéadain uathoibríthe, amhail an *Electronic Library Document System* de chuid Frontex agus INTERPOL (FIELDS) [Córas Doiciméad Leabharlainne Leictreonaí], an *Document Information System Civil Status* (DISCS) [Stádas Sibhialta an Chórais Faisnéise Doiciméad], etc.;
- (d) obair a dhéanamh ar bhonneagar néalbhunaithe d’fhearainn AE atá neamh-rúnaicmithe, íogair agus poiblí, ar choinníoll go n-áirithítear leis comhlíonadh na gceanglas maidir le cosaint sonraí pearsanta;
- (e) teicneolaíochtaí úrscóthacha agus cuir chuige theicniúla nua-aimseartha a chur chun feidhme, lena n-áirítear infhaighteacht, iontaofacht, solúbthacht le haghaidh feidhmeanna, táirgí agus modhnuithe nua, chomh maith le bheith in ann méadú chun freastal ar líon mór úsáideoirí;
- (f) comhtháthú a cheadú le haghaidh rochtain crua-earraí agus tacaíochta ar an gcóras a líne nó, i gcásanna ina mbeidh nascacht teoranta, ó ghléasanna móibíleacha.

Cuid 2

1. Cuspóirí

Sa dara cuid seo den Iarscríbhinn tá tuairisc ar na sonraíochtaí teicniúla maidir le faisnéis a iontráil agus a stóráil i gcóras na Gníomhaireachta Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (“an Gníomhaireacht”) do Dhoiciméid Bhréagacha agus Doiciméid Bharántúla ar Líne (“córas EBCG FADO”) i gcomhréir le hardchaighdeáin.

Rannchuideoidh EBCG FADO freisin leis an gcomhrac i gcoinne na calaoise céannachta trí fhaisnéis a roinnt le gníomhaithe eile, lena n-áirítear an pobal i gcoitinne.

Cuirtear próiseáil sonraí pearsanta san áireamh sna sonraíochtaí teicniúla sin. Déanfar faisnéis a iontráil agus a stóráil sa chóras de réir chuspóir na próiseála.

2. Tuairisc ar an bpróiseas chun faisnéis a iontráil agus a stóráil i gCÓRAS EBCG FADO

Soláthroidh úsáideoirí údaráithe faisnéis i modúl tiomnaithe chóras EBCG FADO chun críoch bailíochtaithe sula gcuirfean an fhaisnéis sin ar fáil d’úsáideoirí eile.

Baineann an próiseas bailíochtaithe leis an bhfaisnéis uile a iontráiltear i gcóras EBCG FADO nó a chruthaítear laistigh den chóras.

Tá próiseas bailíochtaithe na faisnéise sin á rialú ag an nGníomhaireacht agus cuirtear chun feidhme é i gcomhairle le soláthróir na faisnéise. Chun na caighdeáin is airde a áirithiú, féadfaidh an Gníomhaireacht cinneadh dul i gcomhairle le saineolaithe doiciméid roghnaithe nó le hoifigeach cosanta sonraí na Gníomhaireachta.

Nuair a bhailíochtófar an fhaisnéis, aistrefar í chuig fearainn chóras EBCG FADO agus stórálfar iontu í.

3. Faisnéis i gCÓRAS EBCG FADO a rialú agus a fhíorú

I gcóras EBCG FADO, ní dhéanfar na sonraí doiciméid (dá ngairtear “faisnéis” anseo feasta) a fhíorú agus a phróiseáil chun críoch riaracháin ach amháin trí mheán leictreonach agus ábharach, ag brath ar an bhformáid ina soláthraítear faisnéis don Gníomhaireacht. I gcóras EBCG FADO, ní phróiseáiltear sonraí pearsanta oibríochtúla de réir bhrí Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.

An fhaisnéis a phróiseáiltear, déantar í a phróiseáil de réir na bpróiseas gnó a dheantar chun faisnéis a iontráil agus a stóráil i gcóras EBCG FADO. Ní chuirfean ar fáil do na húsáideoirí ach doiciméid a foilsíodh agus a bailíochtaíodh roimhe sin.

Beidh próiseáil faisnéise i gcóras EBCG FADO faoi réir feabhsú leanúnach chun a áirithiú go ndéanfar na bearta teicniúla agus eagraíochtúla a athbhreithniú agus a oiriúnú de réir a chéile i gcomhréir leis an éabhlóid theicneolaíoch agus chun deireadh a chur le lochtanna sna bunphróisis ghnó.

Sonraíonn an Gníomhaireacht an méid seo a leanas:

- (a) na catagóirí ábhar sonraí a ndéantar a gcuid sonraí pearsanta a phróiseáil sa chóras;
- (b) na catagóirí sonraí pearsanta a phróiseáiltear;
- (c) an rialaitheoir nó na catagóirí rialaitheoirí, lena n-áirítear rialaitheoireacht chomhpháirteach;
- (d) faighteoirí na sonraí pearsanta;
- (e) na coimircí atá ann chun mí-úsáid a bhaineann le rochtain nó aistriú neamhdhleathach sonraí pearsanta a chosc;
- (f) an tréimhse coinneála sonraí a bhaineann le gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta chun córas EBCG FADO a oibriú agus chun cúraimí riaracháin a dhéanamh;

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aighairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

- (g) an mhodheolaíocht le haghaidh bailiú sonraí, lena n-áirítear an dtagann sé ó na Ballstáit agus/nó ó thríú tíortha;
- (h) scaipeadh agus faighteoirí na sonraí pearsanta.

4. **Sonraí pearsanta a phróiseáil chun faisnéis a iontráil agus a stóráil i gCÓRAS EBCG FADO**

Cuirfidh an Ghníomhaireacht bearta sonracha eagraíochtúla agus teicniúla chun feidhme le linn an phróisis chun faisnéis a iontráil agus a stóráil i gcóras EBCG FADO tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) treoraíocht a thabhairt do na húsáideoirí údaraithe maidir le sonraí pearsanta a leasú – íoslaghú agus bréagaimniú – sula gcuirfead faisnéis ar fáil don Ghníomhaireacht agus le linn an phróisis bhailíochtaithe;
- (b) bearta teicniúla iomchuí a chur chun feidhme chun na coimircí is gá a áirithiú chun cearta na n-ábhar sonraí a chosaint le linn an phróisis bhailíochtaithe, sula gcuirfead faisnéis ar fáil d'úsáideoirí deiridh;
- (c) rochtain ar an modúl atá tiomnaithe don phróiseas bailíochtaithe a theorannú don líon is beag is féidir d'úsáideoirí;
- (d) faisnéis atá stóráilte san fhearann neamh-rúnaicmithe íogair agus san fhearann rúnaicmithe a chur ar fáil ar bhonn riachtanais eolais do líon aitheanta úsáideoirí.

Cuid 3

1. **Cuspóirí**

Sa tríú cuid seo den Iarscríbhinn tá tuairisc ar na nósanna imeachta maidir le faisnéis i gcóras na Gníomhaireachta Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (“an Ghníomhaireacht”) do Dhoiciméid Bhréagacha agus Doiciméid Bharántúla ar Líne (“córas EBCG FADO”) a rialú agus a fhíorú.

Cuirfead próiseáil sonraí pearsanta san áireamh sna nósanna imeachta maidir le faisnéis i gcóras EBCG FADO a rialú agus a fhíorú.

Déanann an Coimisiún maoirseacht, *inter alia*, ar chur chun feidhme na mbearta atá sa Chinneadh seo. Tugann an coiste arna bhunú le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle cúnaimh don Choimisiún ^(?). Glacann an Ghníomhaireacht páirt i gcrúinnithe choiste Airteagal 6 gan aon chumhacht cinneadh a dhéanamh.

Cuirfidh an Ghníomhaireacht teicnící um dhearbhu cáilíochta agus rialú cáilíochta i bhfeidhm chun an fhaisnéis i gcóras EBCG FADO a rialú agus a fhíorú.

2. **Dearbhú cáilíochta agus rialú cáilíochta**

I gcomhréir le Cuid 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme seo ón gCoimisiún lena mbunaítear na sonraíochtaí teicniúla chun faisnéis a iontráil agus a stóráil i gcóras EBCG FADO ^(?), bunóidh an Ghníomhaireacht nósanna imeachta chun an méid seo a leanas a chur chun feidhme:

- (a) dearbhú cáilíochta:
 - sula gcuirfead faisnéis isteach i gcóras FADO chun críoch bailíochtaithe;
 - le linn an phróisis bailíochtaithe;
- (b) rialú cáilíochta:
 - i ndiaidh a foilsithe, nuair a chuirfead faisnéis ar fáil don phobal agus d'úsáideoirí deiridh eile.

3. **Dearbhú cáilíochta**

i. Bainistiú rochtana

Is é is cuspóir don bhainistiú rochtana ar chóras FADO:

- (a) rochtain ar chóras FADO a dheonú ar bhonn riachtanais eolais;
- (b) cearta rochtana a chúlghairm;

^(?) Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle an 29 Bealtaine 1995 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach le haghaidh víosáí (IO L 164, 14.7.1995, lch. 1).

^(?) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena mbunaítear ailtireacht theicniúil chóras FADO an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh (EBCG) i gcomhréir le hAirteagal 6 (1) (a) de Rialachán (AE) 2020/493.

Bunóidh an Gníomhaireacht nósanna imeachta le haghaidh bainistiú rochtana ar chóras FADO i gcás ina gcomhlíonfar na híoscheanglais seo a leanas:

- (a) gheobhaidh úsáideoirí faisnéis maidir le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta;
- (b) déanfaidh úsáideoirí a gcuntais úsáideora a bhainistiú i gcóras FADO;
- (c) seolfaidh na hábhair sonraí nó a bpointí teagmhála sonraí pearsanta go díreach chuig an nGníomhaireacht;
- (d) beidh líon teoranta úsáideoirí sa Gníomhaireacht a bhaineann le córas FADO údaraithe chun bainistiú rochtana a dhéanamh.

ii. Bailíochtú na faisnéise a chuirtear isteach i gcóras FADO

Is é is cuspóir do bhailíochtú na faisnéise an riosca fabhtanna sa chóras a laghdú, agus ar an mbealach sin aonfhoirmeacht agus cáilíocht na faisnéise a áirithiú.

Ní dhéanfaidh ach líon áirithe saineolaithe doiciméad atá údaraithe agus oile faisnéis a chur ar fáil don chóras agus í a fhíorú.

Sula dtosóidh siad ar fhaisnéis a iontráil sa chóras, déanfar an méid seo a leanas i leith na húsáideoirí sin:

- (a) cuirfear oiliúint orthu maidir le faisnéis a iontráil sa chóras;
- (b) tabharfar ábhar treoraíochta agus/nó ranganna teagaisc dóibh maidir le faisnéis a iontráil sa chóras;
- (c) cuirfear ar an eolas iad maidir leis na próisis ghnó arna mbunú ag an nGníomhaireacht chun críoch bailíochtaithe.

Déanfaidh an Gníomhaireacht modúl tiomnaithe chóras EBCG FADO chun críoch bailíochtaithe a chur chun feidhme sula gcuirfear an fhaisnéis sin ar fáil d'úsáideoirí eile. Le linn an phróisis bhailíochtaithe, ceadóidh an modúl seo:

- (a) líon áirithe úsáideoirí chun faisnéis a iontráil i gcóras EBCG FADO nó chun í a cheartú;
- (b) líon teoranta úsáideoirí chun bailíochtú na faisnéise sa chóras a phróiseáil, lena n-áirítear comhairliúchán roghnach le húsáideoirí áirithe nach iad na húsáideoirí a chuireann isteach faisnéis nó a cheartaíonn í iad;
- (c) líon teoranta úsáideoirí chun aistriúchán a chur fáil más gá;
- (d) líon teoranta úsáideoirí chun an fhaisnéis a cheadú agus a fhoilsiú.

iii. Foilsiú faisnéise

I ndiaidh an phróisis bhailíochtaithe, foilseofar faisnéis.

4. **Rialú cáilíochta**

Bunóidh an Gníomhaireacht plean bliantúil um rialú cáilíochta i gcóras EBCG FADO.

Áiritheoidh an plean go ndéantar rialuithe ar mhéid leordhóthanach faisnéise go rialta gach bliain, chun an méid seo a leanas a fhíorú, i measc nithe eile:

- (a) ábharthacht na faisnéise atá i gcóras EBCG FADO;
- (b) cáilíocht na faisnéise atá i gcóras EBCG FADO;
- (c) comhlíonadh bhainistiú chóras EBCG FADO, lena n-áirítear ceanglais maidir le cosaint sonraí.

Cuirfear torthaí na n-iniúchtaí ar fáil don Choimisiún, do bhord bainistíochta na Gníomhaireachta agus d'oifigeach cosanta sonraí na Gníomhaireachta.

5. **Rannchuidiú úsáideoirí le cáilíocht**

Féadfaidh ról a thabhairt d'úsáideoirí sa phróiseas chun an fhaisnéis i gcóras EBCG FADO a rialú agus a fhíorú.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)